



**Samhail nua chun Tacú le Rochtain ar Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) do Leanáí atá faoi Mhíchumas**

## **Beartas ar Oibriú na Samhla Rochtana agus Cuimsithe**

### **Cuspóir na Cáipéise seo**

Leagtar amach sa cháipéis seo an beartas foriomlán ar oibriú na samhla nua Rochtana agus Cuimsithe chun tacú le leanáí atá faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige. Ba cheart gach cáipéis agus ábhar eile a bhaineann leis an tsamhail a léamh i gcomhréir leis an bpríomhcháipéis bheartais seo.

**Meitheamh 2016**

## **Cuid A – Réamhrá, Aidhmeanna agus Léargas Ginearálta ar an tSamhail Nua**

A1. Cúlra agus Réamhrá	3
A2. Cuspóirí agus Léargas Ginearálta ar an tSamhail	4
A3. Scóip na Samhla	5

## **Cuid B – Oibriú na Samhla**

B1. Leibhéal 1 – Cúlúr Cuimsitheach	8
B2. Leibhéal 2 – Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Sholáthraithe	10
B3. Leibhéal 3 – Lucht Saothair Cáilithe agus Muinéach	11
B4. Leibhéal 4 – Comhairle agus Meantóireacht Ghairmiúil Oideachais	12
B5. Leibhéal 5 – Trealamh, Fearais agus Mionathruithe	16
B6. Leibhéal 6 – Idirghabháil Theiripeach [agus Sláinte]	25
B7. Leibhéal 7 – Caipitíocht Bhreise	27

## **Cuid C – Cur i bhFeidhm agus Measúnú**

C1. Cur i bhFeidhm, Athbhreithniú agus Measúnú	32
Aguisín A – Mionathruithe atá Incháilithe do Chistiú	33
Aguisín B – Trealamh agus Fearais atá Incháilithe do Chistiú	34


## Cuid A – Réamhrá, Aidhmeanna agus Léargas Ginearálta ar an tSamhail Nua

### A1. Cúlra agus Réamhrá

Is eol dúinn go léir an t-oll-luach a bhíonn ar chúram agus oideachas luathbhlianta atá ar chaighdeán ard. Léiríonn an fhianaise idirnáisiúnta go mbaineann leanaí, teaghlaigh agus an tsochaí i gcoitinne réimse leathan tairbhí. Cé go mbaineann gach leanbh tairbhe ó chúram agus oideachas luathbhlianta atá ar ardchaighdeán, áfach, is amhlaidh go mór an scéal i measc leanaí atá faoi mhíchumas.

Agus seo á aithint, sheol an Rialtas *Tuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh ar Thacú le Rochtain ar Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) do Leanaí atá faoi Mhíchumas*, i Samhain 2015. Leagtar amach sa tuarascáil fís shoiléir le haghaidh samhail chuimsithe leanbh-lárnaithe tacaíochtaí a chinnteoidh gur féidir le leanaí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar agus páirt bhríoch a ghlacadh i gClár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) i suíomhanna príomhshrutha réamhscoile. Is éard a bhaineann leis an tsamhail seo, ar a dtugtar **an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe** nó AIM, ná seacht leibhéal de thacaíocht fhorásach, tacaíocht uilíoch go tacaíocht ardspríochta ina measc, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais an linbh agus na réamhscoile araon.

Samhail chun Tacú le Rochtain ar Chlár COLÓ  
do Leanaí faoi Mhíchumas



D'fhormhuinigh an Rialtas an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe agus rinneadh cistiú a thiomnú trí Bhuiséad 2016 chun tacú lena tabhairt isteach ó Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh. Cé go nglacfaidh cur i bhfeidhm iomlán roinnt ama i ngeall ar an ngá atá le hacmhainní a thógáil i measc earnáil na luathbhlianta, beidh tuismitheoirí agus soláthraithe seirbhíse in ann iarratais a sheoladh ar aghaidh ar chabhair agus ar thacaíochtaí ó Mheitheamh 2016 ar

aghaidh lena ligean dóibh pleanáil a dhéanamh le haghaidh clárú i réamhscoil i Meán Fómhair 2016.

## A.2. Cuspóirí agus Léargas Ginearálta ar an tSamhail

Is é cuspóir foriomlán na Samhla Rochtana agus Cuimsithe chun **cabhrú le soláthraithe seirbhíse chun eispéireas cuimsitheach réamhscoile a sholáthar, a chinntíonn gur féidir le leanaí atá faoi mhíchumas páirt iomlán a ghlacadh i gClár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ), agus na tairbhí a bhaint a bhaineann le cúram agus oideachas ardchaighdeán luathbhlianta agus an deis a thapú chun a lánchumas a bhaint amach.**

Tá de chuspóir na samhla seo chun cultúr cuimsitheach a chur chun cinn agus tacú léis laistigh de shuíomhanna réamhscoile, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Cairt nua Chuimsithe don Earnáil Luathbhlianta a fhorbairt, lena mbuntacaíonn Treoirí nuashonraithe agus treisithe Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe anuas ar chlár oiliúna ar fud na tíre,
- faisnéis atá cothrom le dáta a bheith ar fáil ar láithreán gréasáin tiomnaithe,
- clár nua ardoideachais (LINC)<sup>1</sup> a chistiú, ina mbainfidh a mhéid le 900 comhalta foirne réamhscoile céim amach gach bliain i gcaitheamh ceithre bliana chun oibriú mar Chomhordaitheoirí Cuimsithe i suíomh an COLÓ, agus
- clár fairsing ilbhliantúil d'oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chistiú d'fhoireann réamhscoile maidir le míchumas agus cuimsiú.

Is é an rud ar a ndírítear ná a chur ar chumas soláthraithe seirbhíse chun timpeallachtaí fíor-chuimsitheacha a chruthú a léiríonn tuiscint ar riachtanais fhairsinge leanaí, go háirithe iad siúd atá faoi mhíchumas, a fhreagraíonn do na riachtanais siúd, agus a chuireann gach leanbh ar bhealach a leasa.

Sa chás go measann soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, go bhféadfadh go dteastaíonn tacaíocht áirithe bhreise uathu chun freastal ar riachtanais linbh atá faoi mhíchumas ar bhealach cuimsitheach, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar shraith de chásanna níos spriocdhírthe, ina measc;

- ✓ Comhairle agus meantóireacht shaineolach ó fhoireann de Speisialtóirí Rochtana agus Cuimsithe laistigh den tSeirbhís náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta na Luath-Óige
- ✓ Trealamh, fearais agus mionathruithe a theastaíonn chun tacú le rannpháirtíocht linbh i gclár COLÓ
- ✓ Rochtain ar sheirbhísí teiripe atá ríthábhachtach i dtaobh rannpháirtíocht an linbh i gclár COLÓ a chumasú
- ✓ Caipitíocht bhreise a sholáthar chun duine breise sa seomra ranga a chistiú nó chun laghdú na foirne a chumasú: cóimheas leanaí, sa chás go mbaineann ríthábhacht leis seo i dtaobh rannpháirtíocht linbh i gclár COLÓ a chinntiú (meastar go bhféadfadh go

---

<sup>1</sup> Dámhachtain Sainchuspóra Ardoideachais Leibhéal 6 is ea seo i gCuimsiú.

dteastaíonn é seo ó sholáthraithe seirbhíse i measc thart ar 1-15% de leanaí nó i measc na leanaí siúd a bhfuil fíor-ardriachtanais chasta acu).

Is féidir próisis aonair iarratais ar líne a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar aon chinn de na seirbhísí a liostaítear thuas trí Chóras ar Líne COLÓ, is é sin, ní bheidh an gá ann chun tabhairt faoi phróisis iolracha iarratais. Déanfaidh córas an Ardáin um Chur i bhFeidhm an Chláir Luath-Óige (PIP) an próiseas iarratais ar líne seo a óstáil mar gheall go bhfuil soláthraithe seirbhíse cláraithe agus go bhfuil cur amach acu air cheana féin<sup>2</sup>. Comhlíonfaidh na Coistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae ról, chomh maith, chun tacú le soláthraithe seirbhíse agus le tuismitheoirí chun an fhoirm seo a chomhlánú.

Nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar an ngá atá le seirbhísí agus tacaíochtaí, leagfar an bhéim ar leibhéal forbartha an linbh, a láidreachtaí, a gcumas feidhmeach agus a riachtanais, anuas ar láidreachtaí agus riachtanais na réamhscoile. Ní leagfar an bhéim ar dhiagnóisiú agus ní theastóidh diagnóisiú foirmiúil ón rochtain a fhaightear ar thacaíochtaí faoin tsamhail.

Leagtar amach breise faisnéise ar gach ceann de na tacaíochtaí agus na seirbhísí nua, anuas ar an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh orthu, i gcuid B den bheartas seo.

### **A3. Scóip na Samhla**

#### **Sainmhíniú ar Mhíchumas**

Is í bunfhís na samhla go mbeidh gach leanbh, leanaí atá faoi mhíchumas ina measc, in ann páirt bhríoch a ghlacadh i gClár COLÓ i suíomhanna príomhshrutha réamhscoile (seachas i gcásanna eisceachtúla ina dteastaíonn soláthar speisialaithe ar chúiseanna dosheachanta).

Ar aon dul leis an bhfís seo, baineann an tsamhail seo le tacú le rochtain agus cuimsiú leanaí **atá faoi mhíchumas**, ar a dtugtar an sainmhíniú a leanas: “lagú fadtéarmach fisiciúil, meabhrach, intleachta nó céadfach, a d’fhéadfadh bac, in idirghníomhú le bacainní éagsúla, a chur ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach linbh sa tsochaí ar chomhbhonn le leanaí eile”<sup>3</sup>. Sainmhíniú fairsing atá ann agus ba cheart go gcinnteodh sé go dtacóidh an tsamhail le leanaí a bhfuil riachtanais acu a eascraíonn ó lagú fadtéarmach fisiciúil, meabhrach, intleachta nó céadfach, fiú sa chás go bhféadfadh go n-aithnítear an lagú ar leith go traidisiúnta mar mhíchumas. Ba cheart go nglacfaí le “fadtéarmach” amhail tagairt a dhéanamh do lagú atá seasmhach agus buan nó ar dócha go mbeidh sé buan.

#### **An Sainmhíniú ar Ríthábhachtach maidir le Rannpháirtíocht**

Meastar go bhfuil seirbhísí **ríthábhachtach maidir le rannpháirtíocht** i gclár COLÓ sa chás go gcomhaontaítear go réasúnta nach bhfuil an leanbh, in éagmais na seirbhísí siúd agus seirbhísí agus tacaíochtaí eile reatha nó iad siúd atá ar fáil á gcur san áireamh, in ann an méid a leanas a dhéanamh;

- (i) rochtain a fháil ar shuíomh na réamhscoile i ngeall ar bhacainní timpeallachta,
- (ii) tús a chur le clár COLÓ,

<sup>2</sup> Cinnteoidh úsáid chóras an PIP, chomh maith, cur chuige comhtháite, ina mbaileoidh aon chóras TF amháin faisnéis ar an gcistiú agus na tacaíochtaí uile do shuíomhanna COLÓ agus a éascóidh soláthar an chistithe agus na dtacaíochtaí seo, cé acu má sholáthraítear iad faoin tsamhail nua nó a mhalairt.

<sup>3</sup> Déantar an sainmhíniú seo a dhíorthú agus a oiriúnú ó *Tacú le Rochtain ar Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) do Leanaí atá faoi Mhíchumas. Tuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh, Meán Fómhair 2015*

- (iii) leanúint le bheith rannpháirteach i gclár COLÓ, nó
- (iv) rannpháirtíocht bhríoch a bheith aige/aici sna gníomhaíochtaí a sholáthraítear mar chuid de chlár COLÓ,

agus go gcomhaontaítear, anuas air sin, go gcabhróidh soláthar na seirbhísí ar leith lena chinntiú gur féidir leis an leanbh rochtain a fháil ar chlár COLÓ agus rannpháirtíocht bhríoch a bheith acu ann.

Chun rannpháirtíocht bhríoch a bheith ag leanbh sa chlár, ba cheart go gcumasófaí leanaí atá faoi mhíchumas chun a lánchumas a bhaint amach i dtaobh eispéireas a bheith acu ar scileanna agus ar dheiseanna nua, agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus idirghníomhaíocht shóisialta go gníomhach lena bpiarghrúpa.

### **Clár COLÓ i Réamhscoileanna**

Baineann an tsamhail le gach suíomh príomhshrutha réamhscoile a chistítear trí chlár COLÓ (ar a dtugtar an clár réamhscoile saor in aisce, chomh maith). Ní sholáthraítear na seirbhísí agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil tríd an tsamhail ach do chlár COLÓ amháin, is é sin, cuirtear ar fáil iad ar feadh na tréimhse ama a chaitheann an leanbh i gclár COLÓ<sup>4</sup>. Faoi láthair, cáilítear gach leanbh in Éirinn do chlár COLÓ ó aois 3 bliana go dtí an tráth sin ina n-aistriú siad chuig scolaíocht fhoirmiúil. Ar a shon sin, meastar go mbeidh ‘tairbhí iarmharta’ ag an tsamhail ar féidir iad a bhaint i ndiaidh do leanbh a bheith rannpháirteach i gclár COLÓ i dtaobh cultúr cuimsitheach a chothú i suíomhanna luathbhlianta.

Anuas ar shuíomhanna príomhshrutha, cuirtear na seirbhísí réamhscoile ar fáil, chomh maith leis sin, i réamhscoileanna speisialta agus i ranganna luath-idirghabhála a fhreastalaíonn ar leanaí atá faoi mhíchumas, agus na leanaí siúd amháin. Cé gurb í bunfhís na samhla nua chun freastal ar a mhéid leanaí agus is féidir i suíomhanna príomhshrutha, aithnítear go mbeidh seirbhísí speisialaithe bheith ag teastáil ó líon beag leanaí i gcónaí. Moladh i dtuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh gur cheart go mbeadh réamhscoileanna agus ranganna speisialta agus tacaíochtaí speisialaithe eile bheith i bhfeidhm i gcónaí agus gur cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu trí bliana i ndiaidh go dtugtar an tsamhail isteach. Cuirfidh seo ar chumas déantóirí beartais, i gcomhairle le tuismitheoirí agus soláthraithe, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu an féidir nó nach féidir roinnt leanaí a aistriú ó réamhscoileanna speisialaithe go dtí réamhscoileanna príomhshrutha.

### **Caidhp bhuiséid**

Oibreofar an tsamhail seo laistigh de chaidhp sheasta bhliantúil bhuiséid, agus leithdháileann an Rialtas cistiú gach bliain tríd an bpróiseas bliantúil meastachán agus buiséadta.

### **Prionsabail threoracha**

úsáideadh na prionsabail threoracha a leanas chun an tsamhail a fhorbairt agus chun faisnéis a chur ar fáil dá cur i bhfeidhm:

---

<sup>4</sup> Tugtar faoi deara go bhféadfadh líon beag cásanna a bheith ann ina gcáilítear leanbh do chlár COLÓ ach go bhfuil cúram luath-óige agus seirbhísí oideachais á bhfáil aige/aici a chistítear faoi chlár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (FCP) nó faoi chlár Oiliúna agus Fostaíochta i gCúram Leanaí (OFC). Faoi na cúinsí siúd, níor cheart leanbh a fhágáil as an áireamh ó na seirbhísí agus na tacaíochtaí a fháil a sholáthraítear faoin tsamhail seo a fhad agus is suíomh cláraithe réamhscoile atá sa soláthraí seirbhíse atá i gceist a chistítear faoi na cláir FCP nó OFC.

- Comhsheasmhach:** Ba cheart go mbeadh soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí do leanaí atá faoi mhíchumas comhsheasmhach ar fud na tíre. I bhfriotal eile, beidh sraith aonfhoirmeach de phrionsabail incháilitheachta agus leithdháilte acmhainní ag an tSamhail nua náisiúnta Rochtana agus Chuimsithe, a chinntíonn, ar an ábhar sin, cur chuige soiléir agus comhsheasmhach i leith tacaíochtaí agus seirbhísí a sholáthar ar fud na tíre.
- Éifeachtúil agus éifeachtach:** Ba cheart go mbeadh meicníochtaí um chur i bhfeidhm, monatóireachta agus freagrachta agus línte freagrachta chun tacaíochtaí agus seirbhísí COLÓ a sholáthar do leanaí atá faoi mhíchumas, i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm tráthúil agus éifeachtach a chur chun cinn.
- Cothrom:** Ba cheart go mbeadh combhionannas deiseanna ag gach leanbh chun rochtain a fháil ar agus páirt a ghlacadh i gclár COLÓ.
- Curtha ar an eolas ag fianaise:** Ba cheart go mbeadh tacaíochtaí agus seirbhísí COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas curtha ar an eolas ag fianaise.
- Ar chaighdeán ard:** Ba cheart go mbeadh tacaíochtaí agus seirbhísí COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas ar chaighdeán ard.
- Cuimsitheach:** Ba cheart go soláthrófaí Clár COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas ar bhonn cuimsiú laistigh de shuíomhanna príomhshruitha réamhscoile (seachas i gcásanna eisceachtúla ina dteastaíonn soláthar speisialaithe ar chúiseanna dosheachanta).
- Comhtháite:** Ba cheart go ndéanfaí tacaíochtaí agus seirbhísí COLÓ do leanaí atá faoi mhíchumas a dhearadh agus a sholáthar i gcomhpháirtíocht le gach páirtí leasmhar, teaghlaigh agus soláthraithe réamhscoile ina measc.
- Bunaithe ar riachtanais:** Ba cheart go mbeadh soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí do leanaí atá faoi mhíchumas bunaithe ar riachtanais.

## Cuid B – Oibriú na Samhla

### B1. Leibhéal 1 – Cúlúr Cuimsitheach

Is ionann pointe tosaigh na samhla nua agus tiomantas soiléir do chultúr cuimsitheach a chothú i measc na hearnála luathbhlianta. Seo an bhunchloch ríthábhachtach ar a dtógtar gach leibhéal eile den tsamhail agus tá baint lárnach léi chun fíis an bheartais, rochtain agus cuimsiú iomlán, a bhaint amach go hiomlán, agus a chinntiú go bhfuil an deis ag gach leanbh chun a lánchumas a bhaint amach, dá bharr. Tá rochtain ar shuíomh cuimsitheach ar an gcéad fhíor-chéim d'fhonn go mbíonn ar chumas ag leanbh páirt bhríoch a ghlacadh i réamhscoil phríomhshrutha. D'fhonn tacú leis an earnáil chun timpeallachtaí cuimsitheacha a chruthú, baineann na tionscnaimh a leanas leis an leibhéal seo:

#### **An Chairt agus na Treoirlínte Náisiúnta Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe**

Rinne Treoirlínte Comhionannais agus Éagsúlachta 2006 a nuashonrú agus a fhorbairt chun béim níos láidre a leagan ar chuimsiú leanaí atá faoi mhíchumas. Tá *Na Treoirlínte Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige* ar fáil lena léamh ar an láithreán gréasáin tiomnaithe nua, [www.preschoolaccess.ie](http://www.preschoolaccess.ie).

Gabhann *Cairt Náisiúnta Chuimsithe* nua agus teimpléad beartais chuimsithe nua leis na treoirlínte seo. Iarrfar ar gach suíomh réamhscoile a ghlacann páirt i gClár COLÓ chun clárú leis an gCairt trí Bheartas Cuimsithe a chomhlánú agus a fhoilsiú maidir lena suíomh féin. Cinnteoidh seo go bhfuil Beartas Cuimsithe ag gach suíomh réamhscoile atá sainráite, infheicthe agus atá doiciméadaithe go soiléir a chuireann a thiomantas do chuimsiú agus na prionsabail agus na cleachtais araon a bhuntacaíonn leis an tiomantas sin in iúl.

Chun tacú le soláthraithe seirbhíse chun glacadh leis na treoirlínte agus leis an gcairt, agus a mbeartas féin cuimsithe a fhorbairt, tá oiliúint náisiúnta á tabhairt isteach ag na Coistí Cúram Leanáí Cathrach agus Contae. Tabharfar cuireadh do gach soláthraí seirbhíse chun freastal ar an oiliúint seo agus chun an cuireadh a thabhairt do bhainisteoirí agus do chleachtóirí, chomh maith, atá ina suíomhanna réamhscoile, is é sin, ní bheidh an oiliúint teoranta ach do Chomhordaitheoirí Cuimsithe.

Chun cabhrú le monatóireacht agus le comhlíonadh, ón mbliain 2017 ar aghaidh, áireofar le próifíl seirbhíse an PIP fearann éigeantach tuairiscithe maidir leis an mBeartas Cuimsithe. Ceanglóidh an fearann seo ar sholáthraithe seirbhíse a dheimhniú cé acu ar fhoilsigh nó nár fhoilsigh siad Beartas Cuimsithe dá suíomh agus tabharfaidh sé cuireadh dóibh cóip den chéanna a uaslódáil. Nuair a chuirtear san áireamh gur riachtanas conarthach faoi chlár COLÓ atá i gcomhlánú na próifíle seirbhíse, cinnteoidh an mheicníocht tuairiscithe seo go mbaileofar an fhaisnéis go hiomlán maidir leis an gcomhréir de réamhscoileanna ag a bhfuil beartas foilsithe agus cuirfidh sé an deis ar fáil chun dul i dteagmháil leo nach bhfuil beartas foilsithe acu. Meastar gur cheart go spreagfadh an cur chuige 'bog' seo soláthraithe seirbhíse chun tabhairt faoi fhorbairt a mbeartais chuimsithe ar bhealach machnamhach agus fairsingithe, seachas caitheamh leis mar chleachtadh íosta nach gá ach 'tic a chur i mbosca'. Soláthróidh sé na sonraí ar leibhéal náisiúnta, áfach, chun faisnéis a sholáthar d'aon bhearta amach anseo maidir leis an mBeartas Cuimsithe, i.e. cé acu an ann nó nach ann do chás chun



riachtanas conarthach a dhéanamh den Bheartas Cuimsithe a luaithe a soláthraíodh oiliúint nó cé acu ar cheart nó nár cheart dó bheith ina réamhriachtanas chun rochtain a fháil ar thacaíochtaí spriocdhírthe.

### **Comhordaitheoirí Cuimsithe agus Caipitíocht Mhéadaithe**

Cruthaíodh ról nua an chomhordaitheora cuimsithe chun tacaíocht agus ceannaireacht shaineolach a sholáthar maidir le rochtain agus cuimsiú laistigh de shuíomhanna réamhscoile. Forbraíodh clár tiomnaithe ardoideachais chun oiliúint a sholáthar do chleachtóirí d'fhonn gur féidir leo glacadh leis an ról nua seo laistigh dá suíomhanna. D'fhorbair cuibhreas faoi stiúir Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, anuas ar Froebel agus Luath-Óige Éireann an dámhachtain sainchuspóra ardoideachais ar leibhéal 6 a mhaireann bliain amháin, agus cistíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna í. Tá sí á soláthar ar bhonn náisiúnta ag an gcuibhreas. Cisteoidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a mhéid le 900 áit ar an gclár gach bliain i gcaitheamh thréimhse 2016-2019 (i.e. 3,600 áit i gcaitheamh thréimhse 4 bliana). Chomh maith leis sin, íocfar sparánacht aonuaire €200 le hiarrthóirí ar an gclár chun cabhrú le hÍoc as aon chostais a d'fhéadfadh a bheith i gceist le freastal ar an gclár.

Féadfaidh cleachtóirí ar mian leo tabhairt faoin gclár iarratas a dhéanamh ar Choláiste Mhuire gan Smál trína chóras iarratais ar líne, [www.lincprogramme.ie](http://www.lincprogramme.ie). Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise faoin gclár agus faisnéis ar conas iarratas a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo.

Sa chás gur Comhordaitheoir Cuimsithe atá go hiomlán cáilithe atá i soláthraí seirbhíse nó go bhfostaíonn sé/sí Comhordaitheoir Cuimsithe atá go hiomlán cáilithe ina suíomh réamhscoile, cáileofar an soláthraí sin do mhéadú €2 an leanbh an tseachtain ar ráta caipitíochta COLÓ atá iníoctha. Aithníonn an méadú seo an ról ceannaireachta agus meantóireachta a sholáthraíonn an Comhordaitheoir Cuimsithe ina suíomh COLÓ agus, faoi réir treoirlínte mionsonraithe oibríchtúla, is féidir leis an méadú seo a chur i bhfeidhm ón dáta:

- (i) a bhaineann an Comhordaitheoir Cuimsithe an cháilíocht amach ón gclár ardoideachais, agus
- (ii) a chuireann an Comhordaitheoir Cuimsithe comhaontú sínithe i gcrích go nglacfaidh siad leis na ról agus na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost.

Féadtar an t-iarratas ar chaipitíocht bhreise a dhéanamh trí chóras an PIP. Oscrófar an próiseas iarratais in 2017, mar gheall gurb ionann seo agus an tráth a bhainfidh na chéad iontrálaithe sa chlár nua cáilíocht amach agus go gcáileofar iad lena n-aithint mar Comhordaitheoirí Cuimsithe.

Sa chás go gcuireann Comhordaitheoir Cuimsithe deireadh le bheith fostaithe ag soláthraí seirbhíse, beidh dualgas ar an soláthraí seirbhíse sin Pobal a chur ar an eolas trí chóras an PIP agus ní bheidh sé/sí cáilithe a thuilleadh chun an ráta méadaithe caipitíochta a fháil.

### **Próifíl Rochtana agus Chuimsithe**

Tá an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe bunaithe ar riachtanais agus aithníonn sí gur grúpa fairsing iad leanaí atá faoi mhíchumas, a bhfuil riachtanais acu ar féidir le riachtanais atá idir

riachtanais éadroma agus mheasartha agus riachtanais throma nó chasta a bheith i gceist leo, agus go mbíonn cumas feidhmeach agus riachtanais éagsúla tacaíochta acu, chomh maith. D'fhonn cabhrú le soláthraithe seirbhíse agus iad a threorú chun tuiscint a fháil ar láidreachtaí agus riachtanais gach linbh aonair, agus ar chumas agus rianta a suímh féin, forbraíodh Próifíl Rochtana agus Chuimsithe. Acmhainn ilfheidhmeach is ea seo ar féidir léi gníomhú mar áis do sholáthraithe seirbhíse aonair chun suíomhanna cuimsitheacha a chruthú, anuas ar úsáid a bhaint aisti chun iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí spriocdhírthe (i.e. leibhéal 4 -7). Soláthraítear níos mó faisnéise ar an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe faoi mhír B.4.

## **B2. Leibhéal 2 – Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Sholáthraithe**

D'fhonn pleanáil agus ullmhú a dhéanamh do chlárú agus rannpháirtíocht linbh i réamhscoil, teastaíonn faisnéis ábhartha chothrom le dáta chomhsheasmhach agus inrochtana ó sholáthraithe seirbhíse. Teastaíonn uathu a bheith ar an eolas ar cén tacaíochtaí atá ar fáil agus conas is féidir iad a rochtain. D'fhonn freastal ar an riachtanas seo, forbraíodh acmhainní aonair chuimsitheach faisnéise i bhfoirm láithreán gréasáin tiomnaithe náisiúnta [www.preschoolaccess.ie](http://www.preschoolaccess.ie). Déanann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an láithreán gréasáin seo a óstáil agus gníomhaíonn sé mar 'ionad ilfhreastail' maidir leis an méid a leanas:

- Faisnéis chuimsitheach do thuismitheoirí agus soláthraithe seirbhíse ar an tSamhail nua Rochtana agus Chuimsithe (AIM)
- Faisnéis ar conas rochtain nó iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí agus seirbhísí faoi AIM
- Naisc leis an bhfoirm iarratais a úsáidtear nuair a dhéantar iarratas ar thacaíochtaí faoi AIM agus ar an bpróifíl Rochtana agus Chuimsithe
- Ceisteanna Coitianta
- An Chairt agus na Treoirí Náisiúnta Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, anuas ar Theimpléad an Bheartais Chuimsithe<sup>5</sup>
- Acmhainní náisiúnta eile maidir le cuimsiú agus suíomhanna cuimsitheacha a chruthú, faisnéis ar chlár oiliúna do chleachtóirí luathbhlianta atá á soláthar faoi leibhéal 3 den tsamhail seo ina measc
- Eolaire de sheirbhísí agus d'acmhainní áitiúla do leanaí réamhscoile atá faoi mhíchumas, de réir contae
- Naisc le faisnéis ghinearálta ar chlár COLÓ
- Naisc le láithreáin ghréasáin príomhchomhlachtaí eile, ar nós Pobal, na gCoistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae, na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus príomhranna éagsúla rialtais.

Spreagfar gach páirtí leasmhar<sup>6</sup> chun tuismitheoirí agus soláthraithe seirbhíse a threorú i dtreo na hacmhainne aonair náisiúnta seo d'fhonn bhfuil acmhainní shoiléir agus chomhsheasmhach amháin ann dóibh siúd óna dteastaíonn comhairle agus treoir. Beidh an láithreán gréasáin seo faoi réir athbhreithniú rialta ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, i gcomhpháirtíocht leis na comhlachtaí ábhartha, ionas go mbíonn faisnéis ábhartha agus cothrom le dáta.

---

<sup>5</sup> Forbraíodh an teimpléad seo chun cabhrú le soláthraithe seirbhíse chun Beartas Cuimsithe a fhorbairt dá suíomh (féach mír B1).

<sup>6</sup> Áirítear leis seo soláthraithe seirbhíse, CCCanna, Pobal, FSS, an CNOS, an ÚNM, Túsla, an ROS, an Roinn Sláinte agus an RLGÓ.

Chomh maith leis sin, beidh tuismitheoirí agus soláthraithe seirbhíse in ann teagmháil a dhéanamh le Pobal, Coistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar an nguthán nuair a theastaíonn faisnéis uathu.

### **B3. Leibhéal 3 – Lucht Saothair Cáilithe agus Muinéach**

Tá comhdhearcadh fairsing ann maidir leis an gceangal atá idir lucht saothair cáilithe agus seirbhísí ardchaighdeáin. Tacaíonn an Stát le forbairt leanúnach cáilíocht i bhforbairt na hearnála luathbhlianta. Tugtar cuntas ar ghníomhartha a rinneadh le déanaí agus atá ar bun sa Chlár um Cháilíocht Luath-Óige, agus áirítear leo an méid a leanas:

- Feabhas a chur ar chóras cigireachta Túsála chun córas níos comhsheasmhaí agus daingne a dhéanamh de, agus an líon cigirí a mhéadú agus córas clárúcháin a thabhairt isteach do gach seirbhís réamhscoile.
- Cigireacht Luath-Óige a bhunú laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna chun tabhairt faoi chigireachtaí a dhíríonn ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i suíomhanna luathbhlianta.
- Riachtanas cáilíochta íosta a thabhairt isteach don fhoireann go léir a oibríonn go díreach le leanaí i seirbhísí réamhscoile, agus an riachtanas cáilíochta a mhéadú do cheannasaithe réamhscoile a sholáthraíonn an clár réamhscoile saor in aisce.
- Ciste Foghlaimora a sholáthar chun tacú leis an bhfoireann atá ag oibriú cheana féin san earnáil luathbhlianta chun na riachtanais íosta cháilíochta a bhaint amach.
- Seirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta Luath-Óige a bhunú chun meantóirí a sholáthar chun tacú leis an earnáil luathbhlianta chun feabhas a chur ar cháilíocht agus cabhrú leo chun Creat Cáilíochta Síolta agus Curaclam Aistear a chur i bhfeidhm.
- Comhordaitheoir Síolta agus Comhordaitheoir Aistear a earcú chun forbairt bhreise a dhéanamh ar Chlár Dearbhaithe Cáilíochta Síolta agus ar Threoir Chleachtais Aistear/Síolta, agus chun bainistiú agus comhordú a dhéanamh ar thabhairt isteach na gclár seo ar fud na hearnála. Ina theannta sin, déanfar breis Meantóirí de chuid Síolta agus Teagascóirí de chuid Aistear a earcú ó Choistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae (CCCanna) agus ó Choistí Náisiúnta Deonacha Cúram Leanaí (CNDCanna) agus cuirfear oiliúint orthu faoin tionscnamh seo.

Tacaíonn Leibhéal 3 leis na tionscnaimh seo trí chúrsaí oiliúna agus acmhainní oiliúna a sholáthar do chleachtóirí luathbhlianta i suíomhanna COLÓ a bhaineann go sonrach le saincheistanna míchumais agus le straitéisí chun tacú le cleachtas cuimsitheach. Soláthrófar cúrsaí agus acmhainní oiliúna i gcomhréir le clár náisiúnta oiliúna a bheidh curtha ar an eolas, ar a uain sin, ag suirbhé bonnlíne ar riachtanais oiliúna ar fud na hearnála. Mar dhea, tá an oiliúint in ainm is bheith mar fhreagairt phraiticiúil shaindeartha ar na riachtanais ar leith a shainaithnítear in aon cheantar tíreolaíoch ar leith nó maidir le haon saincheist ar leith.

Forbróidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an clár oiliúna gach bliain, i gcomhpháirtíocht leis na CCCanna agus FSS, agus i gcomhairle leis an tSeirbhís Speisialta Luathbhlianta

(Rochtain agus Cuimsiú). A luaithe a chuireann an Roinn a hainm leis, déanfaidh na CCCanna an méid a leanas:

- sceidil oiliúna áitiúla a fhorbairt i gcomhairle le Líonra Míchumas Leanaí/Seirbhísí Luath-Idirghabhála FSS.
- a chinntiú go bhfógraítear áiteanna oiliúna atá ar fáil ar an láithreán gréasáin tiomnaithe, anuas ar láithreáin ghréasáin ábhartha aonair CCL, agus
- leithdháileadh na n-áiteanna seo ar an gcúrsa a bhainistiú.

Beidh an phríomhfhreagracht ar na CCLanna ar oiliúint a sholáthar go háitiúil agus soláthróidh comhaltaí de Líonra Míchumas Leanaí/Seirbhísí Luath-Idirghabhála FSS (leibhéal 6). D'fhonn cur chuige atá comhsheasmhach go náisiúnta a chinntiú, comhordóidh Coistí Cúram Leanaí Éireann (CCÉ), a raibh samhail náisiúnta oiliúna i bhfeidhm acu cheana féin, forbairt agus soláthar na gclár oiliúna.

#### **B4. Leibhéal 4 – Comhairle agus Meantóireacht Ghairmiúil Oideachais**

Féadfaidh soláthraithe seirbhíse comhairle agus tacaíocht meantóireacht shaineolach a fháil ó Speisialtóirí Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) atá ag oibriú laistigh den tSeirbhís náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta na Luath-Óige. Ní mór an bhéim a leagan air nach mbeartaítear go dtiocfaidh an tseirbhís speisialaithe seo in ionad ról an tsoláthraí agus é/í ag freastal ar an leanbh agus a dteaghlach ná go mbainfidh an tseirbhís speisialaithe seo den ról sin. Ina ionad sin, beartaítear chun tacú leis an soláthraí, sa chás gur gá, chun an ról seo a chomhlíonadh.

Féadtar teagmháil a dhéanamh le speisialaithe ar an nguthán, ar ríomhphost nó ar an idirlíon tríd an bhfoirm iarratais ar líne.

Ní bheidh gá leis an bhfoirm iarratais ar líne a chomhlánú má theastaíonn tacaíocht ó Speisialtóir ar an nguthán. Soláthrófar an tacaíocht seo, áfach, sa chás gur dealraitheach nach dóthain an tacaíocht gutháin chun dul i ngleic le ceisteanna buartha, féadfaidh an soláthraí a roghnú, nó féadtar iarraidh ar an soláthraí chun leanúint ar aghaidh chuig, iarratas ar líne chun leibhéal níos airde tacaíochta a fháil.

Nuair a dhéantar iarratas ar líne ar an tSeirbhís Speisialaithe Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú), iarrfar ar sholáthraithe seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoirí, chun na sonraí a leanas a sholáthar.

- Ainm an linbh agus an tsoláthraí seirbhíse
- Uimhir thagartha an RLGÓ
- Toiliú ón tuismitheoir go ndéanfaidh an tSeirbhís um Fhorbairt Cáilíochta Luath-Óige idirghníomhú leis an leanbh agus leis an soláthraí seirbhíse agus chun faisnéis a roinnt le gairmithe ábhartha eile sa chás go bhfuil seo riachtanach chun ullmhú agus pleanáil a dhéanamh do chuimsiú an linbh sa suíomh réamhscoile.

Áireofar leis an bhfoirm iarratais, chomh maith leis sin, próifíl shimplí Rochtana agus Chuimsithe (tá cóip ar fáil lena léamh ar [www.preschoolaccess.ie](http://www.preschoolaccess.ie)). Féadfaidh Speisialtóir roinnt de na ceisteanna a chur ar sholáthraí seirbhíse mar threoir ar an nguthán nó féadfaidh

an soláthraí seirbhíse agus an tuismitheoir an fhoirm a chomhlánú iad féin gan aon bhaint a bheith ag trío páirtí leis.

Is é cuspóir na Próifíle Rochtana agus Cuimsithe chun an méid a leanas a dhéanamh:

- ✓ cabhrú leis an soláthraí seirbhíse, i gcompháirtíocht leis an tuismitheoir, chun cumas agus riachtanais an linbh a dheimhniú d'fhonn tacú leis an leanbh sin rochtain agus baint iomlán a bheith acu i gclár COLÓ.
- ✓ cabhrú leis an soláthraí seirbhíse, i gcompháirtíocht leis an tuismitheoir, chun láidreachtaí agus dúshláin an tsuímh a dheimhniú agus tacaíocht á soláthar don leanbh chun rochtain agus baint iomlán agus bhríoch a bheith acu i gclár COLÓ.
- ✓ an gá atá le comhairle agus tacaíocht ghairmiúil luathbhlianta a shainnithint, a chuireann ar chumas na Speisialtóirí Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) chun tús áite a thabhairt dá bhfreagairt, dá bharr.
- ✓ an Speisialtóir agus an suíomh réamhscoile a threorú, agus tacaíocht á soláthar do rochtain agus rannpháirtíocht an linbh i gclár COLÓ.
- ✓ cabhrú lena shainnithint cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh aon tacaíocht bhreise bheith ag teastáil le rannpháirtíocht an linbh i suíomh COLÓ a chumasú (Leibhéal 4-7).

Nuair a fhaightear próifíl chomhlánaithe Rochtana agus Chuimsithe, déanfaidh an Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) teagmháil leis an soláthraí seirbhíse ar an nguthán agus déanfar plé agus comhaontú ar cén leibhéal tacaíochta a theastaíonn.

Sa cás go ndeimhníonn an Speisialtóir go meastar gur leor tacaíocht gutháin, soláthrófar tacaíocht ar an leibhéal sin. Sa chás go ndeimhníonn an Speisialtóir go dteastaíonn níos mó tacaíochta, i.e. cuairt a thabhairt ar an tseirbhís, cuirfear tús leis an leibhéal níos airde seo de thacaíocht. Beidh rannpháirtíocht le tuismitheoirí mar chuid den phróiseas seo.

Soláthraítear breis sonraí ar an bpróiseas seo i mBosca 1 thíos.

## Bosca 1: Tacaíochta Speisialaithe Luathbhlianta AIM

### Tacaíocht mar thoradh ar iarratas gutháin trí Sheirbhísí Tacaíochta Cliant Pobal

1. Freagraíonn Speisialtóir Luathbhlianta ar cheist ghinearálta ar an nguthán ó sholáthraí seirbhíse (ní nochtar sonraí aitheantais an linbh/na leanaí). Soláthraítear tacaíocht, comhairle agus treoir ghinearálta ar an nguthán. Ní nochtar sonraí an linbh murach gur soláthraíodh toiliú sínithe ón tuismitheoir agus gur deimhníodh é seo.

### Rochtain a fháil ar thacaíocht trí phróiseas an Ardáin um Chur i bhFeidhm an Chláir Luathbhlianta (PIP)

2. Comhlánaíonn Soláthraí Seirbhíse Próifíl Rochtana agus Cuimsithe ar PIP, i gcomhpháirtíocht leis an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir d'fhonn rochtain a fháil ar thacaíocht agus meantóireacht oideachais ag Speisialtóir Luathbhlianta (tacaíocht Leibhéal 4). D'fhéadfaí a áireamh leis seo, chomh maith, iarratas ar thacaíochtaí Leibhéal 5 agus/nó Leibhéal 7.
3. Déantar iarratais a aicmiú in ord tosaíochta, bunaithe ar chastacht riachtanais an linbh. Déanann Comhordaitheoirí Seirbhíse AIM Tús Níos Fearr athbhreithniú ar iarratais agus tacaíocht a leithdháileadh, a bhféadfadh tacaíocht ar an nguthán nó cuairt ar an suíomh a bheith i gceist léi. Tabharfar freagra ar gach iarratas, ach tabharfar tús áite d'fhreagraí ar bhonn riachtanais, áfach. Sa chás go bhfaightear breis agus iarratas amháin ón soláthraí céanna, aicmeofar na hiarratais in ord tosaíochta. Sa chás gur cláraíodh roinnt leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu, soláthrófar tacaíocht a luaithe agus is féidir.
4. Déanann an Speisialtóir Luathbhlianta teagmháil leis an tseirbhís ar an nguthán agus soláthraítear comhairle nó treoir shonrach, bunaithe ar phróifíl an linbh, faisnéis bhreise a sholáthair an soláthraí seirbhíse agus acmhainní an tsuímh.
5. Mura leor tacaíocht gutháin lena chur ar chumas rochtain agus cuimsiú an linbh, socróidh an Speisialtóir Luathbhlianta cuairt leis an suíomh. Leithdháilfidh an Comhordaitheoir Seirbhíse comhréir d'uaireanta tacaíochta don tseirbhís. Féadfaidh an chuairt titim amach sula gcláraítear an leanbh nó i ndiaidh gur thosaigh an leanbh sa réamhscoil, ag brath ar cathain a sheoltar an t-iarratas ar aghaidh. Déanfaidh an Speisialtóir athbhreithniú ar an bpróifíl leis an soláthraí, déanfaidh sé/sí breis breathnóireachta agus soláthróidh sé/sí comhairle agus tacaíocht. Tacóidh an Speisialtóir leis an soláthraí, i gcomhairle leis an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir, chun Plean Rochtana agus Cuimsithe a chur i dtoll a chéile don leanbh. Tabharfaidh seo cuntas ar cén gníomhartha, oiriúnuithe agus tacaíochtaí breise a d'fhéadfadh bheith ag teastáil chun cuimsiú an linbh sa réamhscoil a chinntiú.
6. Anuas air sin, cuirfidh a Speisialtóir idir chomhairle agus tacaíocht ar fáil don soláthraí maidir le hiarratas a dhéanamh ar Leibhéal 5 (caipiteal) agus/nó Leibhéal 7 (caipitíocht bhreise), sa chás gurb ábhartha dó seo.
7. Nuair a mheasann soláthraí seirbhíse, i gcomhairle leis an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir agus leis an Speisialtóir Luathbhlianta, go mbaineann ríthábhacht le tacaíocht theiripeach i dtaobh rochtain agus chuimsiú an linbh, déanfaidh an Speisialtóir teagmháil le FSS trí phrótacal comhaontaithe (tacaíocht Leibhéal 6).
8. Oibreoidh an Speisialtóir leis an soláthraí le linn cuairt amháin nó níos mó cuairteanna (ní bhíonn de bhreis ar 4 chuairt i gceist de ghnáth) chun oiriúnuithe agus straitéisí a fhorbairt chun cuimsiú

an linbh a chinntiú agus chun a bPlean Rochtana agus Cuimsithe a chur chun cinn.

9. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Speisialtóir idirchaidreamh leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) chun tacú le haistriú an linbh chuig an mBunscoil nuair a chríochnóidh siad clár COLÓ.
10. Tabharfar faoi thacaíocht agus meantóireacht leanúnach ar an nguthán, nó tabharfar cuairteanna breise, más gá.

## **B5. Leibhéal 5 – Trealamh, Fearais agus Mionathruithe**

Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, iarratas a dhéanamh ar threalamh, fearais nó deontas caipitil i dtreo costais mhionathruithe ar an suíomh réamhscoile. Déantar seo tríd an gcuid ábhartha den fhoirm iarratais ar an PIP a chomhlánú.

Spreagtar iarratasóirí chun iarratas a dhéanamh a luaithe agus is féidir ar thacaíochtaí leibhéal 5 agus b'fhearr dá ndéanfaidís amhlaidh trí mhí sula gcláraítear an leanbh i suíomh COLÓ. Léirítear san amfhráma seo an gá atá le hiarratais a phróiseáil, anuas ar an am a theastaíonn chun mionoibreacha caipitiúla a chur i gcrích nó chun socrú a dhéanamh go soláthrófar trealamh.

Sa chás nach mbíonn na hiarratasóirí cinnte faoin trealamh, na fearais nó na mionathruithe a bhféadfadh bheith ag teastáil uathu, féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh leis an Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) chun teacht ar chomhairle. Mar rogha air sin, má tá seirbhísí á bhfáil ag an leanbh cheana féin ó FSS, d'fhéadfadh na hiarratasóirí teagmháil a dhéanamh le FSS chun teacht ar chomhairle.

### **Catagóirí Iarratais Leibhéal 5**

Déanfar iarratais ar thacaíocht leibhéal 5 a rangú i gceann de na trí chatagóir a leanas:

- ❖ Iarratais ar mhionathruithe
- ❖ Iarratais ar threalamh maidir le lagú amhairc nó éisteachta
- ❖ Iarratais ar threalamh maidir le gach saghas eile de mhíchumas

Leagtar amach thíos an próiseas iarratais agus faofa do gach catagóir.

#### **❖ Iarratais ar mhionathruithe**

Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, iarratas a sheoladh ar aghaidh ar dheontas caipitil i dtreo costais mhionathruithe. Ba cheart go ngabhfadh tuairisc ghearr ag 'gairmí ainmnithe' le hiarratas a thugann le fios cineál na n-oibreacha mionathraithe a bheartaítear agus go ndeimhnítear sa tuairisc an méid a leanas:

- a) teastaíonn na hoibreacha mionathraithe agus baineann ríthábhacht leo chun rannpháirtíocht an linbh a chumasú i gclár COLÓ sa réamhscoil ábhartha, agus
- b) go gcomhlíonann na hoibreacha mionathraithe a bheartaítear na *Rialacháin Foirgníochta (Leasú Chuid M), 2010*, agus

Ceanglófar ar an soláthraí seirbhíse a dheimhniú nach measfar go bhfuil an suíomh réamhscoile neamhchomhlíontach i dtaobh *Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016* mar thoradh ar na hoibreacha mionathraithe.

Ar mhaithe le cuspóirí na catagóire seo, tá gairmí ainmnithe teoranta do na gairmeacha a leanas:

- (i) ailtire,
- (ii) Innealtóir,
- (iii) teiripeoir saothair a oibríonn le haghaidh FSS nó thar ceann FSS, nó
- (iv) an chatagóir eile sin de ghairmí sláinte agus cúraim shóisialta a fhéadfaidh Pobal a aithint, i gcomhairle leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Sláinte, chun críocha na scéime seo.

I gcás an ghairmí a ainmnítear ag (i) nó (ii) thuas, féadfaidh an soláthraí seirbhíse iarratas a dhéanamh ar ranníocaíocht i dtreo costais aon táillí gairmiúla. Ba cheart go n-áireofaí meastachán bailí amháin le haghaidh táillí gairmiúla leis an iarratas. Ní bheidh feidhm ag aon táille ghairmiúil i gcás an ghairmí a ainmnítear ag (iii) nó (iv) mar gheall go mbeidh siad ag oibriú le haghaidh nó thar ceann FSS.

Nuair a sheoltar iarratas ar mhionathraithe ar aghaidh, ní mór do sholáthraithe seirbhíse cloí le ceanglais soláthair reachtúil i gcomhréir le treoirlínte soláthair Pobal. Is iad na riachtanais reatha:

- I dtaobh oibreacha foirgníochta agus athruithe a chosnaíonn níos lú ná €5,000, teastaíonn meastachán/tairiscint scríofa amháin.
- I dtaobh oibreacha foirgníochta agus deisiúcháin a chosnaíonn €5,000 nó os a chionn, teastaíonn 3 mheastachán/thairiscint scríofa, ar a laghad.

Tá ar sholáthraithe seirbhíse meastacháin bhailí<sup>7</sup> a fhoinsiú ag céim an iarratais agus an meastachán is fabhraí a chur san áireamh lena n-iarratas. Sa chás gur cuí, féadfaidh Pobal iarraidh go seoltar gach meastachán ar aghaidh mar chuid de na céimeanna breithmheasa, conraitheoireachta, íocaíochta, tuairiscithe agus comhlíonta.

Níl aon chostais athraithe nó aon chuid de na costais siúd, a caitheadh nó a ceannaíodh cheana féin, incháilithe. Ní mór go ndéantar gach earra nó seirbhís a cheannaítear (gan táillí gairmiúla a áireamh) i ndiaidh an dáta faofa.

Déanfaidh Oifigeach Breithmheasa in Pobal athbhreithniú ar an iarratas a seoladh ar aghaidh, agus deimhneoidh sé/sí, ar an gcéad dul síos, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-iarratas iomlán agus cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé na riachtanais tosaigh le bheith incháilithe le haghaidh breithniú. Seo a leanas na riachtanais seo:

---

<sup>7</sup> D'fhonn go measfar gurb ionann meastachán agus meastachán bailí: (1) ní mór go bhfuil sé dátaithe laistigh de 3 mhí sula ndéantar an t-iarratas, (2) ní mór dó bheith ar pháipéar ceanteidil, (3) ní mór go n-áirítear uimhir CBL leis, (4) ní mór dó bheith miondealaithe go soiléir agus (5) sa chás go gceanglaítear/go dteastaíonn breis agus meastachán amháin, ní mór dóibh beith ó sholáthraithe éagsúla.



- Suíomh cláraithe réamhscoile atá sa soláthraí seirbhíse faoi chonradh gníomhach chun clár COLÓ<sup>8</sup> a sholáthar.
- Cáilítear an leanbh do chlár COLÓ nó cáileofar é/í don chlár ó dháta pleanáilte an chlárúcháin óna dteastaíonn mionathruithe a chur i gcrích ina thaobh.
- Tagann na mionathruithe a bheartaítear faoi chuimsiú an liosta d'oibreacha incháilithe foirgníochta atá á choimeád ag Pobal (féach Aguisín A).
- Chríochnaigh gairmí dearaidh an tuarascáil a thacaíonn leis an iarratas atá cláraithe nó creidiúnaithe ag an gcomhlacht ábhartha gairmiúil<sup>9</sup>.
- Baineann an tuarascáil a thacaíonn leis an iarratas go díreach leis an leanbh a ainmnítear san iarratas agus leis an suíomh ábhartha réamhscoile.
- Dheimhnigh an soláthraí seirbhíse go bhfuil na hoibreacha mionathraithe comhlíontach i gcónaí i dtaobh *Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016*.
- Soláthraíodh meastacháin ar aon dul le treoirínte soláthair Pobal.
- Níor cistíodh na mionathruithe a bheartaítear cheana féin trí Shnáithe 2 Rochtain Míchumais Caipiteal Luathbhlianta 2013 ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

I gcás gairmí cúram sláinte (ar nós teiripeoir saothair nó fisiteiripeora), féadtar a thabhairt faoi deara go bhfuil an sainmhíniú a thugtar ar ghairmí ainmnithe teoranta do theiripeoirí a oibríonn le haghaidh agus thar ceann FSS. Léiríonn seo an cur chuige iomlánaíoch comhtháite a mholtar i dTuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh, ina bhforordófaí agus ina soláthrófaí seirbhísí agus tacaíochtaí ar bhealach comhcheangailte leanbh-lárnach ag foireann ildisciplíneach FSS, i.e. ba cheart go dtacódh sé le cás ina bhfuil measúnú agus breithniú á dhéanamh ag an bhfoireann chéanna ar riachtanais an linbh i masc na suíomhanna baile, réamhscoile agus suíomhanna eile. Anuas air sin, cuirtear san áireamh sa chur chuige seo prionsabail thábhachtacha teoraithe an chothromais agus bheith 'bunaithe ar riachtanais' a bhuntacaíonn leis an tsamhail, i.e. níor cheart go n-imreodh rochtain ar thacaíochtaí faoin tsamhail tionchar ar an gcumas chun íoc. Mar dhea, ní ghlacfar le tuairiscí ó ghairmithe cúram sláinte a oibríonn i gcáil phríobháideach ar mhaithe le cuspóirí iarratas ar thacaíocht leibhéal 5.

Sa chás go bhfuil iarratas neamhiomlán, seolfar láithreach ar ais é chuig an iarratasóir, a gcuirfear ar an eolas é/í go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán agus nach féidir breithniú breise a dhéanamh air. Beidh an deis ag an iarratasóir, áfach, chun an t-iarratas a athsheoladh ar aghaidh, faoi mar is cuí, e.g. d'fhéadfadh iarratasóir aon easnaimh sa bhuniarratas a chur ina gceart agus an t-iarratas a athsheoladh ar aghaidh.

Sa chás go dteipeann ar iarratas na riachtanais incháilitheachta thuas a chomhlíonadh, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas láithreach faoi seo, agus cuirfear in iúl dó/di go bhfuil an t-iarratas neamh-incháilithe agus nach féidir breithniú breise a dhéanamh air. Beidh an deis

---

<sup>8</sup> D'fhéadfadh líon beag cásanna bheith ann ina bhfuil an soláthraí seirbhíse ina shuíomh cláraithe réamhscoile a sholáthraíonn cúram agus oideachas luath-óige ach atá cistithe faoi na cláir FCP nó OFC, fiú i gcásanna ina gcáilítear leanbh do chlár COLÓ. Faoi na cúinsí siúd, níor cheart an leanbh a fhágáil as an áireamh ó rochtain a fháil ar sheirbhísí agus tacaíochtaí faoi AIM agus, ar an ábhar sin, níor cheart an t-iarratas a dhiúltú ar an mbunús nach bhfuil an soláthraí faoi chonradh chun clár COLÓ a sholáthar.

<sup>9</sup> Ní mór go bhfuil ailtire cláraithe ar chlár na n-ailtirí atá á choimeád ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, ní mór go bhfuil innealtóir cláraithe le hInnealtóirí Éireann mar Innealtóir Cairte CEng MIEI nó mar Innealtóir Comhlach AEng MIEI nó mar Theicneoir Innealtóireachta EngTEch MIEI nó mar Chomhalta CEng FIEI, agus ní mór go bhfuil teiripeoir saothair cláraithe leis an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU).

ag an iarratasóir, áfach, chun foirm iarratais nua a sheoladh ar aghaidh trí PIP. Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas, chomh maith leis sin, ar an gceart atá aige/aici chun aiseolas ó bhéal a lorg sa chéad ásc agus, mura bhfuil sé/sí sásta ag an aiseolas seo, cuirfear in iúl dó/di gur féidir leis/léi athbheithniú ar chinneadh an Oifigeach Bhreithmheasa a lorg sa cheist.

Sa chás go bhfuil iarratas iomlán agus incháilithe, déanfar é a mheasúnú agus déanfaidh an tOifigeach Breithiúnachta cinneadh air, ina dhiaidh sin, agus duine ar leith a bheidh san Oifigeach seo ón Oifigeach Breithmheasa. Féadfaidh an tOifigeach Breithiúnachta an cinneadh a dhéanamh chun iarratas a 'pháirtchistiú'. Bainfidh an tOifigeach Breithiúnachta cinneadh amach ar an mbonn a leagtar amach thíos.

Faomhfar iarratas, faoi réir cistiú, sna cásanna a leanas:

- (i) deimhníonn Oifigeach Breithmheasa go bhfuil iarratas iomlán agus go gcomhlíonann sé riachtanais tosaigh incháilitheachta, agus
- (ii) deimhnítear sa tuairisc atá ar ceangal ag an ngairmí a ainmnítear na hearraí ag a) agus b) thuas, agus
- (iii) tá an tOifigeach Breithiúnachta sásta nach dteastaíonn aon fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas.

Diúltófar iarratas sna cásanna a leanas<sup>10</sup>:

- (i) teipeann ar an tuairisc atá ar ceangal ag an ngairmí a ainmnítear chun na hearraí ag a)- b) thuas a dheimhniú, agus
- (ii) tá an tOifigeach Breithiúnachta sásta nach dteastaíonn aon fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas.

Sula mbaintear cinneadh amach, féadfaidh an tOifigeach Breithiúnachta faisnéis bhreise a lorg ón Oifigeach Breithmheasa, na hiarratasóirí<sup>11</sup>, Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) nó ón gCoiste Cúram Leanaí Cathrach nó Contae (CCC). Sa chás gurb ann do bhreis faisnéis is cúis le conclúid Oifigeach Breithmheasa nó an ghairmí a ainmnítear a athrú, ba cheart go gcuirfeadh an tOifigeach Breithiúnachta an chonclúid nua seo san áireamh, ar an ábhar sin, agus cinneadh a bhaint amach i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach thuas.

I ndiaidh go mbainfear cinneadh amach, cuirfidh Pobal an soláthraí seirbhíse ar an eolas air seo. Sa chás go ndéantar cinneadh chun faomhadh a dhéanamh, cuirfear an soláthraí seirbhíse ar an eolas agus cuirfear an cinneadh faoi bhráid na Foirne Conarthaí, áit a ndéanfar socrúithe chun miondeontas caipitil a sholáthar chun tacú leis an obair athraithe. Áireofar leis an deontas seo, sa chás gurb infheidhme, suim sheasta íosta i dtreo na dtáillí gairmiúla a thabhaíonn an soláthraí seirbhíse chun tuairisc an ghairmí a ainmnítear a fháil. Cuirtear caidhp €7,000, CBL san áireamh, ar an deontas uasta atá iníoctha faoin scéim. Féadtar rannfocaíocht uasta a áireamh leis seo i dtreo costais táillí gairmiúla €300, CBL san áireamh.

---

<sup>10</sup> Sa chás go bhfuil iarratas neamhiomlán nó go dteipeann air riachtanais tosaigh incháilitheachta a bhaint amach, ní dhéanfaidh an tOifigeach Breithiúnachta breithniú air. Féadfaidh an t-iarratasóir athbheithniú a lorg, áfach.

<sup>11</sup> Féadfaidh aon ghairmí ainmnithe a bheith san áireamh leis seo a sheol tuairisc ar aghaidh mar thacaíocht le hiarratas.

I bhfriotal eile, ní féidir leis an deontas uasta atá iníoctha chun íoc as mionathruithe agus táillí gairmiúla €7,000, CBL san áireamh, a shárú.

Sa chás go ndéantar an cinneadh gan iarratas a fhaomhadh faoin mír seo, cuirfear an soláthraí seirbhíse ar an eolas ar an gceart atá aige/aici chun aiseolas ó bhéal a lorg sa chéad ásc agus, mura bhfuil sé/sí sásta ag an aiseolas seo, cuirfear in iúl dó/di gur féidir leis/léi athbhreithniú a lorg.

#### ❖ **Iarratais ar threalamh maidir le lagú amhairc nó éisteachta**

Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, iarratas a sheoladh ar aghaidh ar threalamh maidir le lagú amhairc nó éisteachta. Ba cheart go ngabhadh tuairisc ghearr<sup>12</sup> ag gairmí ainmnithe le hiarratas a shonraíonn an trealamh cruinn a lorgáitear agus a dheimhníonn an méid a leanas:

- a) tá an trealamh a bheartaítear riachtanach agus ríthábhachtach chun rannpháirtíocht an linbh a chumasú i gclár COLÓ sa réamhscoil ábhartha, agus
- b) níl an trealamh a bheartaítear ar fáil cheana féin i suíomh na réamhscoile nó ní féidir é a aistriú chuig agus a úsáid i suíomh na réamhscoile:

Ar mhaithe le cuspóirí na catagóire seo, tá gairmí ainmnithe teoranta do na gairmeacha a leanas:

- (i) múinteoir ar cuairt, nó
- (ii) teiripeoir saothair a oibríonn le haghaidh FSS nó thar ceann FSS, nó
- (iii) teiripeoir urlabhra agus teanga a oibríonn le haghaidh FSS nó thar ceann FSS.

Déanfaidh Oifigeach Breithmheasa in Pobal athbhreithniú ar an iarratas a seoladh ar aghaidh, agus deimhneoidh sé/sí, ar an gcéad dul síos, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-iarratas iomlán agus cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé na riachtanais tosaigh le bheith incháilithe le haghaidh breithniú. Seo a leanas na riachtanais seo:

- Suíomh cláraithe réamhscoile atá sa soláthraí seirbhíse faoi chonradh chun clár COLÓ a sholáthar.
- Cáilítear an leanbh do chlár COLÓ nó cáileofar é/í don chlár ó dháta pleanáilte an chlárúcháin óna dteastaíonn an trealamh ina thaobh.
- Tagann an trealamh a bheartaítear faoi chuimsiú an liosta d'oibreacha incháilithe atá á choimeád ag Pobal (féach Aguisín B).
- Chomhlánaigh múinteoir ar cuairt nó teiripeoir saothair nó teiripeoir urlabhra agus teanga cláraithe atá ag oibriú le haghaidh nó thar ceann FSS an tuairisc a thacaíonn leis an iarratas.

Sa chás go bhfuil iarratas neamhiomlán, seolfar láithreach ar ais é chuig an iarratasóir, a cuirfear ar an eolas é/í go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán agus nach féidir breithniú breise a dhéanamh air. Beidh an deis ag an iarratasóir, áfach, chun an t-iarratas a athsheoladh ar aghaidh, faoi mar is cuí, e.g. d'fhéadfadh iarratasóir aon easnaimh sa bhuniarratas a chur ina gceart agus an t-iarratas a athsheoladh ar aghaidh.

---

<sup>12</sup> I gcás an Mhúinteora ar Cuairt, is gnách go dtugtar 'litir mholta' ar an tuairisc seo.

Sa chás go dteipeann ar iarratas na riachtanais incháilitheachta thuas a chomhlíonadh, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas láithreach faoi seo, agus cuirfear in iúl dó/di go bhfuil an t-iarratas neamh-incháilithe agus nach féidir breithniú breise a dhéanamh air. Beidh an deis ag an iarratasóir, áfach, chun foirm iarratais nua a sheoladh ar aghaidh trí PIP. Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas, chomh maith leis sin, ar an gceart atá aige/aici chun aiseolas ó bhéal a lorg sa chéad ásc agus, mura bhfuil sé/sí sásta ag an aiseolas seo, cuirfear in iúl dó/di gur féidir leis/léi athbhreithniú ar chinneadh an Oifigh Bhreithmheasa a lorg sa cheist.

Sa chás go bhfuil iarratas iomlán agus incháilithe, déanfar é a mheasúnú agus déanfaidh an tOifigeach Breithiúnachta cinneadh air, ina dhiaidh sin, agus duine ar leith a bheidh san Oifigeach seo ón Oifigeach Breithmheasa. Bainfidh an tOifigeach Breithiúnachta cinneadh amach ar an mbonn a leagtar amach thíos.

Faomhfar iarratas, faoi réir cistiú, sna cásanna a leanas:

- (i) deimhníonn Oifigeach Breithmheasa go bhfuil iarratas iomlán agus go gcomhlíonann sé na riachtanais tosaigh incháilitheachta, agus
- (ii) deimhnítear sa tuairisc atá ar ceangal ag an ngairmí a ainmnítear na hearraí ag a) agus b) thuas, agus
- (iii) tá an tOifigeach Breithiúnachta sásta nach dteastaíonn aon fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas.

Diúltófar iarratas sna cásanna a leanas:

- (i) teipeann ar an tuairisc atá ar ceangal ag an ngairmí a ainmnítear chun na hearraí ag a) agus b) thuas a dheimhniú, agus
- (ii) tá an tOifigeach Breithiúnachta sásta nach dteastaíonn aon fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas.

Sula mbaintear cinneadh amach, féadfaidh an tOifigeach Breithiúnachta faisnéis bhreise a lorg ón Oifigeach Breithmheasa, na hiarratasóirí<sup>13</sup>, Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) nó ón gCoiste Cúram Leanaí Cathrach nó Contae (CCC). Sa chás gurb ann do bhreis faisnéis is cúis le conclúid Oifigeach Breithmheasa nó an ghairmí a ainmnítear a athrú, ba cheart go gcuirfeadh an tOifigeach Breithiúnachta an conclúid nua seo san áireamh, ar an ábhar sin, agus cinneadh a bhaint amach i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach thuas.

I ndiaidh go mbainfear cinneadh amach, cuirfidh Pobal an soláthraí seirbhíse ar an eolas air seo. Sa chás go ndéantar cinneadh chun faomhadh a dhéanamh, cuirfear an soláthraí seirbhíse ar an eolas air seo agus cuirfear in iúl dó/di go ndéanfar socruithe chun an trealamh a sholáthar. Sa chás go ndéantar an cinneadh gan iarratas a fhaomhadh, cuirfear an soláthraí seirbhíse ar an eolas ar an gceart atá aige/aici chun aiseolas ó bhéal a lorg sa chéad ásc agus, mura bhfuil sé/sí sásta ag an aiseolas seo, cuirfear in iúl dó/di gur féidir leis/léi athbhreithniú a lorg.

---

<sup>13</sup> Féadfaidh aon ghairmí ainmnithe a bheith san áireamh leis seo a sheol tuairisc ar aghaidh mar thacaíocht le hiarratas.

### ❖ Iarratais ar threalamh i dtaobh gach saghais eile de mhíchumas

Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, iarratas a sheoladh ar aghaidh ar gach saghas trealamh eile a d'fhéadfadh bheith ag teastáil le haghaidh linbh atá faoi mhíchumas. Ba cheart go ngabhadh tuairisc ghearr ag gairmí ainmnithe le hiarratas a shonraíonn an trealamh cruinn a lorgáitear agus a dheimhníonn an méid a leanas:

- a) tá an trealamh a bheartaítear riachtanach agus ríthábhachtach chun rannpháirtíocht an linbh a chumasú i gclár COLÓ sa réamhscoil ábhartha, agus
- b) níl an trealamh a bheartaítear ar fáil cheana féin i suíomh na réamhscoile nó ní féidir é a aistriú chuig agus a úsáid i suíomh na réamhscoile:

Ar mhaithe le cuspóirí na catagóire seo, tá gairmí ainmnithe teoranta do na gairmeacha a leanas:

- (i) teiripeoir saothair a oibríonn le haghaidh FSS nó thar ceann FSS, nó
- (ii) fisiteiripeoir a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS.
- (iii) teiripeoir urlabhra agus teanga a oibríonn le haghaidh FSS nó thar ceann FSS, nó
- (iv) an chatagóir eile sin de ghairmí sláinte agus cúraim shóisialta a fhéadfaidh Pobal a aithint, i gcomhairle leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Sláinte, chun críocha na scéime seo.

Déanfaidh Oifigeach Breithmheasa in Pobal athbhreithniú ar an iarratas a seoladh ar aghaidh, agus deimhneoidh sé/sí, ar an gcéad dul síos, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-iarratas iomlán agus cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé na riachtanais tosaigh le bheith incháilithe le haghaidh breithniú. Seo a leanas na riachtanais seo:

- Suíomh cláraithe réamhscoile atá sa soláthraí seirbhíse faoi chonradh chun clár COLÓ a sholáthar.
- Cáilítear an leanbh do chlár COLÓ nó cáileofar é/í don chlár ó dháta pleanáilte an chlárúcháin óna dteastaíonn an trealamh ina thaobh.
- Tagann an trealamh a bheartaítear faoi chuimsiú an liosta d'oibreacha incháilithe atá á choimeád ag Pobal (féach Aguisín B).
- Comhlánaíodh teiripeoir saothair nó fisiteiripeoir cláraithe a oibríonn le haghaidh nó thar ceann FSS an tuairisc a thacaíonn leis an iarratas.

Sa chás go bhfuil iarratas neamhiomlán, seolfar láithreach ar ais é chuig an iarratasóir, a gcuirfear ar an eolas é/í go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán agus nach féidir breithniú breise a dhéanamh air. Beidh an deis ag an iarratasóir, áfach, chun an t-iarratas a athsheoladh ar aghaidh, faoi mar is cuí, e.g. d'fhéadfadh iarratasóir aon easnaimh sa bhuniarratas a chur ina gceart agus an t-iarratas a athsheoladh ar aghaidh.

Sa chás go dteipeann ar iarratas na riachtanais incháilitheachta thuas a chomhlíonadh, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas láithreach faoi seo, agus cuirfear in iúl dó/di go bhfuil an t-iarratas neamh-incháilithe agus nach féidir breithniú breise a dhéanamh air. Beidh an deis ag an iarratasóir, áfach, chun iarratas nua a sheoladh ar aghaidh ar an PIP. Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas, chomh maith leis sin, ar an gceart atá aige/aici chun aiseolas ó bhéal a lorg sa chéad ásc agus, mura bhfuil sé/sí sásta ag an aiseolas seo, cuirfear in iúl dó/di gur féidir leis/léi athbhreithniú ar chinneadh an Oifigigh Bhreithmheasa a lorg sa cheist.

Sa chás go bhfuil iarratas iomlán agus incháilithe, déanfar é a mheasúnú agus déanfaidh an tOifigeach Breithiúnachta cinneadh air, ina dhiaidh sin, agus duine ar leith a bheidh san Oifigeach seo ón Oifigeach Breithmheasa. Bainfidh an tOifigeach Breithiúnachta cinneadh amach ar an mbonn a leagtar amach thíos.

Faomhfar iarratas, faoi réir cistiú, sna cásanna a leanas:

- (i) deimhníonn Oifigeach Breithmheasa go bhfuil iarratas iomlán agus go gcomhlíonann sé na riachtanais tosaigh incháilitheachta, agus
- (ii) deimhnítear sa tuairisc atá ar ceangal ag an ngairmí a ainmnítear na hearraí ag a) agus b) thuas, agus
- (iii) tá an tOifigeach Breithiúnachta sásta nach dteastaíonn aon fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas.

Diúltófar iarratas sna cásanna a leanas:

- (i) teipeann ar an tuairisc atá ar ceangal ag an ngairmí a ainmnítear chun na hearraí ag a) agus b) thuas a dheimhniú, agus
- (ii) tá an tOifigeach Breithiúnachta sásta nach dteastaíonn aon fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas.

Sula mbaintear cinneadh amach, féadfaidh an tOifigeach Breithiúnachta faisnéis bhreise a lorg ón Oifigeach Breithmheasa, na hiarratasóirí<sup>14</sup>, Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) nó ón gCoiste Cúram Leanaí Cathrach nó Contae (CCC). Sa chás gurb ann do bhreis faisnéis is cúis le conclúid Oifigeach Breithmheasa nó an ghairmí a ainmnítear a athrú, ba cheart go gcuirfeadh an tOifigeach Breithiúnachta an chonclúid nua seo san áireamh, ar an ábhar sin, agus cinneadh a bhaint amach i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach thuas.

I ndiaidh go mbainfear cinneadh amach, cuirfidh Pobal an soláthraí seirbhíse ar an eolas air seo. Sa chás go ndéantar cinneadh chun faomhadh a dhéanamh, cuirfear an soláthraí seirbhíse ar an eolas air seo agus déanfar socrú chun an trealamh a sholáthar. Sa chás go ndéantar an cinneadh gan iarratas a fhaomhadh, cuirfear an soláthraí seirbhíse ar an eolas ar an gceart atá aige/aici chun aiseolas ó bhéal a lorg sa chéad ásc agus, mura bhfuil sé/sí sásta ag an aiseolas seo, cuirfear in iúl dó/di gur féidir leis/léi athbhreithniú a lorg.

### **Trealamh a Sholáthar**

Sa chás go bhfaomhtar iarratas ar threalamh, déanfaidh Pobal socrú go soláthrófar an trealamh agus go seachadfar go díreach é chuig an réamhscoil ábhartha.

Ar mhaithe le cuspóirí na Samhla Rochtana agus Cuimsithe, soláthróidh Pobal trealamh trí chórais náisiúnta Soláthair Seirbhíse Gnó FSS.

I ndiaidh iarratas ar threalamh faoi leibhéal 5 a fhaomhadh, seolfaidh Pobal sonraí faoin iarraidh sin ar aghaidh chuig Soláthar Seirbhís Gnó Sláinte ('Health Business Service' nó 'HBS') san fhormáid a chomhaontaítear.

---

<sup>14</sup> Féadfaidh aon ghairmí ainmnithe a bheith san áireamh leis seo a sheol tuairisc ar aghaidh mar thacaíocht le hiarratas.

Déanfaidh HBS Procurement athbhreithniú, ar an gcéad dul síos, ar chonarthaí beo lena dheimhniú an féidir an trealamh a theastaíonn a fháil faoi cheann de na conarthaí seo. Más féidir, seolfaidh siad sonraí faoin gconradh ar aghaidh chuig Pobal. Ansin cruthóidh Pobal ordú ceannaigh don earra agus eiseoidh siad don soláthraí é, a dhéanfaidh an trealamh ábhartha a sheachadadh go díreach chuig an suíomh. D'fhéadfadh trealamh a cheannach nó a fháil ar cíos a bheith i gceist leis an socrú seo ag brath ar chineál an chonartha.

Sa chás nach féidir an trealamh a theastaíonn a fháil faoi chonradh beo reatha, lorgóidh HBS Procurement meastacháin ar aon dul leis an gcleachtas caighdeánach soláthair. Déanfaidh HBS Procurement meastachán ar na meastacháin a seoladh ar ais agus cuirfidh siad an rogha is fabhraí faoi bhráid Pobal. Má bhíonn Pobal sásta leis an meastachán, agus aird ar a threoirlínte féin inmheánacha, leanfaidh sé ar aghaidh leis an trealamh a ordú agus seachadadh an trealamh a shocrú. Chomh maith leis sin, déanfar breithniú ar roghanna cíosa mar chuid den phróiseas seo.

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina lorgaíonn cuideachta a fhreagraíonn ar iarraidh ar mheastachán, íocaíocht as measúnú a dhéanamh ar an suíomh/riachtanais an linbh mar chuid dá tairiscint. Sa chás go n-iarrtar ar an íocaíocht sin agus go ndéantar comhaontú uirthi roimh ré, próiseálfaidh Pobal an iarraidh seo mar chuid den iarratas.

*Seirbhís ardchaighdeán agus leanúnachas do leanaí a chinntiú:*

Cuirfidh próisis tairisceana HBS a bhaineann le AIM an méid a leanas san áireamh:

- ✓ cineál an trealamh,
- ✓ saolré an trealamh i gcomhthéacs aois an linbh,
- ✓ an gá atá leis go soláthróidh an soláthraí oiliúint maidir le húsáid cheart a bhaint as an trealamh,
- ✓ soláthar páirteanna spártha,
- ✓ cothabháil agus seirbhísiú.

Anuas air sin, cuirfidh HBS clásal aisghabhála agus diúscartha san áireamh i gconarthaí sa chás gur cuí agus gurb indéanta amhlaidh a dhéanamh.

Sa chás go mbíonn socrú cíosa i gceist, bíonn sé de rún ag an mbeartas chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar bhlianta breise cíosa, sa chás go ndéantar ceanglas de seo. D'fhéadfadh seo teacht chun solais, mar shampla, i gcás ina bhféadfadh píosa trealamh bheith faoi réir cíosa ar feadh 1-2 bhliain agus ina bhféadfadh an leanbh fanacht sa suíomh ar feadh tréimhse níos faide nó sa chás go ndéantar cinneadh gur féidir leis an bpíosa trealamh, a bhaineann go sonrach le riachtanais an linbh, a aistriú leis an leanbh ar aghaidh go dtí an bhunscoil.

*Árachas:*

Ar aon dul le cleachtas caighdeánach HBS Procurement, teastaíonn sonraí faoi árachas an déantúsóra mar chuid den mheastachán agus cruthaíonn sé cuid den chonradh le haghaidh táirgí 'ar conradh'. Cumhdaíonn an t-árachas seo dliteanas poiblí faoi réir úsáid cheart an earra a soláthraíodh. Déanfar an trealamh go léir a chur faoi árachas i gcoinne dóiteáin agus gada ag Pobal.

Coimeádfaidh agus bainisteoidh Pobal Clár Sócmhainní, agus é mar úinéir ar an trealamh. Sa chás nach dteastaíonn trealamh a thuilleadh, áfach, comhaontóidh Pobal chun an trealamh a thabhairt suas do FSS ionas go gcuirfear ar fáil é le haghaidh athúsáid ghinearálta.

Leagtar amach socruithe idir Pobal agus FSS-HBS Procurement i gcomhaontú leibhéal na seirbhíse idir an dá pháirtí, lena mbuntacaíonn Meabhrán Tuisceana idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus FSS-HBS Procurement. Tá comhaontú ann chun socruithe a athbhreithniú agus a athscagadh de réir mar a thugtar an córas isteach. Déanfar rogha de threalamh athchúrsáilte a úsáid, ach go háirithe, in 2017 (Céim 2).

### **Bainistiú Buiséid**

Beidh buiséad amháin bliantúil imfhálaithe ag Pobal chun gach ceann de na trí chatagóir de thacaíochtaí leibhéal 5 a chumhdach. Beidh sé ina thábhacht go n-úsáidtear an buiséad seo a éifeachtúla agus a sholúbtha agus is féidir i measc na dtrí chatagóir agus ar aon dul leis na riachtanais a shainiú.

Ba cheart go ndéanfaí gach iarratas faofa maidir le tacaíochtaí leibhéal 5 a sheolann Oifigigh Bhreithiúnachta ar aghaidh chuig an Oifigeach Airgeadais a stampáil i dtaobh ama agus dáta agus ba cheart go ndéanfaí iad a fhaomhadh le haghaidh cistiú in ord dian croineolaíoch. Léiríonn an cur chuige seo an chaoi go mbeidh measúnú déanta ar gach iarratas ar an mbonn céanna caighdeánaithe agus go measfar go raibh siad ríthábhachtach maidir le rannpháirtíocht. Dá réir sin, ba é an t-aon rogha dhaindear eile ar ord croineolaíoch ná tús áite a thabhairt d'iarratais bunaithe ar mheasúnú breise speisialaithe a dhéanamh ar gach cás aonair.

Ba cheart fógra a thabhairt d'iarratasóirí a luaithe a fhaomhadh cistiú agus ba cheart iad a chur ar an eolas ar na chéad chéimeanna eile. Sa chás go bhfuil an buiséad go léir úsáidte, beidh iarratais beo go fóill agus, de réir mar a chuirtear cistiú ar fáil, leanfaidh na hiarratais a bheith faofa le haghaidh cistiú ar bhonn ord dian croineolaíoch, ag glacadh leis go bhfuil an riachtanas i dtaobh thacaíocht leibhéal 5 bailí i gcónaí, e.g. tá an leanbh fós sa suíomh ábhartha réamhscoile.

Ag tús gach bliain airgeadais, déanfaidh Pobal próifíliú ar chaiteachas measta de réir míosa faoi leibhéal 5 agus déanfaidh sé monatóireacht, ansin, ar an táirgeacht iarbhír i gcoinne an mheastacháin seo. Cé go mbeidh seo deacair i gcéim thosaigh na samhla, le himeacht ama, tiocfaidh treochtaí míosúla caiteachais chun solais a thacóidh le próifíliú agus le bainistíocht níos cruinne a dhéanamh ar chaiteachas.

### **Athbhreithniú ar Chinneadh ina ndéantar an cinneadh chun iarratas a dhiúltú**

Beidh an ceart ag an soláthraí seirbhíse, i gcomhar leis an tuismitheoir, chun aiseolas ó bhéal a lorg sa chéad ásc agus, mura bhfuil sé/sí sásta ag an aiseolas seo, beidh an ceart aige/aici chun athbhreithniú a lorg.

Is éagsúil a bheidh ballraíocht na Foirne Athbhreithnithe ó bhallraíocht na nOifigeach Breithmheasa agus na nOifigeach

Breithiúnachta a raibh orthu an chinnteoireacht tosaigh a dhéanamh maidir leis an iarratas ar thacaíochtaí.

Déanfaidh Pobal an próiseas athbhreithnithe a dhoiciméadú go mionsonraithe. Is éard a bhainfidh leis ná athbhreithniú deisce a dhéanamh ar pháipéarachas an iarratais, an próiseas a leanadh agus an t-iarratas á bhainistiú óna fháil go dtí go ndéantar an cinneadh deiridh air, agus an cinneadh a baineadh amach. Ní bheidh measúnuithe nua ná cuairteanna a shocrú ag



speisialtóirí, gairmithe cúram sláinte nó aon oifigeach eile atá bainteach sa phróiseas iarratais i gceist leis. Is féidir aon fhaisnéis nua a sheolann an t-iarratas a chur san áireamh, más infheidhme, áfach.

Cinneadh deiridh a bheidh i gcinneadh na Foirne Athbheithnithe agus cuirfear an soláthraí seirbhíse agus an tuismitheoir ar an eolas ar an gcinneadh seo. Má thagann faisnéis bhreise nua chun solais i ndiaidh an chinnidh seo, is féidir iarratas nua a sheoladh ar aghaidh tríd an PIP.

### **Comhiarratais ar Thacaíochtaí Iolracha Leibhéal 5**

I roinnt cásanna, b'fhéidir gur gá do shuíomh réamhscoile iarratas a dhéanamh ar dhá chatagóir idirspleácha de thacaíocht leibhéal 5, e.g. mionathrú agus trealamh speisialaithe. Sa chás seo, ba cheart don iarratasóir an caidreamh idir an dá iarratasóir a thabhairt chun suntais agus tabhairt faoina chinntiú go bhfuil comhsheasmhacht ann i measc na dtuairiscí tacaíochta, e.g. b'fhéidir go gcomhlánódh an gairmí ainmnithe céanna tuairisc amháin a chumhdaíonn an dá iarratas nó b'fhéidir go ndéanfar sa tuairisc le haghaidh mionathruithe tagairt don tuairisc le haghaidh trealamh speisialaithe agus an tuairisc sin a chur i gcuntas, agus a mhalairt.

## **B6. Leibhéal 6 – Idirghabháil Theiripeach agus Sláinte**

Sa chás go measann soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, go bhféadfadh go dteastódh tacaíocht theiripeach ó leanbh chun rochtain a fháil ar réamhscoil agus bheith rannpháirteach i réamhscoil, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh trí leibhéal 4 ar an tacaíocht seo tríd an bpróifíl Rochtana agus Chuimsithe a chomhlánú. Déanfaidh an tSeirbhís Speisialaithe Luathbhlianta (Rochtana agus Cuimsiú) breithniú ar cé acu an féidir nó nach féidir léi cúnaimh a sholáthar go díreach nó cé acu an dóchúil nó nach dóchúil go dteastóidh ionchur teiripeach agus cuirfidh an tseirbhís tús le teagmháil ('atreorú') le FSS sa chás gur gá. D'fhonn tacú leis an bpróiseas atreoraithe seo, beidh rochtain ag an Speisialtóir Luathbhlianta ar phointe ainmnithe teagmhála a chomhaontaítear le haghaidh gach limistéar Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail (ECP) maidir le AIM. Beidh an pointe comhaontaithe teagmhála seo freagrach as a chinntiú go n-atreoraítear an cás go dtí an fhoireann/an tseirbhís chuí, a bhféadfadh Foireann Mhíchumais Líonra Leanáí (FMLL), Seirbhís Cúraim Phríomhúil (CP) nó gníomhaireacht dheonach a bheith i gceist leis<sup>15</sup>.

Nuair a dhéantar atreorú, roinnfidh an Speisialtóir Luathbhlianta an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe le FSS. Aithneoidh FSS, ar a uain sin, go bhfuarthas an t-atreorú agus coimeádfaidh siad an Speisialtóir Luathbhlianta curtha ar an eolas maidir le straitéisí agus tacaíochtaí a bheartaítear a chuirfear ar fáil.

Beidh soláthar tacaíochtaí faoi leibhéal 6 bunaithe ar chur chuige riachtanaisbhunaithe, a théann i ngleic go sonrath le riachtanais an linbh lena mbaineann ríthábhacht i dtaobh i dtaca lena rannpháirtíocht bhríoch i gclár COLÓ. I bhfriotal eile, ní theastóidh diagnóisíú foirmiúil ó leanáí a lorgaíonn rochtain a fháil ar thacaíochtaí teiripeacha (leibhéal 6) faoin tsamhail.

Cur chuige cúraim chéimnithe a bheidh i gceist leis an tsamhail soláthair seirbhíse ina mbeidh idir straitéisí uilíocha agus idirghabháil aonair spriocdhírithé níos sonraí i gceist. Samhail a aithnítear go fairsing is ea an cur chuige cúraim chéimnithe a chuireann go leor

---

<sup>15</sup> I gcás sheirbhísí FSS atá ag aistriú i dtreo athchumrú, atreorófar an cás chuig an bhfoireann/an tseirbhís chuí agus ábhartha.

seirbhísí i bhfeidhm a d'fhéadfaí a cur i bhfeidhm ar shuíomh na réamhscoile. Laistigh den tsamhail seo, tá soláthar seirbhíse dírithe ar an méid a leanas:

- cosc,
- luath-idirghabháil,
- idirghabháil ghearr chineálach,
- idirghabháil duine ar dhuine atá saincheaptha níos mó ar bhonn aonair.

Tá coinne leis, sa chás go bhfuil faisnéis reatha chliniciúil ar fáil, ar nós tuairiscí agus torthaí measúnaithe, beidh ar chumas níos fearr ag teiripeoirí freagairt ar iarratais ó leibhéal 1-4. I dtaobh leanáí nach bhfuil aon fhaisnéis chliniciúil ar fáil ina leith, d'fhéadfadh seo dúshlán níos mó a chruthú do sheirbhísí sláinte mar gheall nach mbeidh na soláthraithe sláinte ar an eolas ar riachtanais aonair an linbh. Sna cásanna seo, rachaidh soláthraithe sláinte i ngleic le riachtanais an linbh trí straitéisí uilíocha, ar nós faisnéis, pacáí comhairle, bileoga agus treoirlínte praiticiúla a sholáthar, oiliúint a chur ar thuismitheoirí nó ar cheannasaithe réamhscoile go mbeidh tuiscint acu ar riachtanais an linbh agus freagairt orthu go cuí, comhairle agus tacaíocht ghairmiúil a sholáthar ar an nguthán nó ar ríomhphost, rochtain a sholáthar don fhoireann ar ghrúpchláir theiripeacha nó ar cheardlanna agus clinicí comhairliúcháin 'buail isteach'. Sa chás nach bhfuil ag éirí le straitéisí uilíocha agus gur soiléir go bhfuil ag teip ar an socrúchán don leanbh, beidh gá súil a chaitheamh air seo ar bhonn cás ar chás. Sna cásanna siúd, is dóchúil go mbeidh gá le measúnú aonair a dhéanamh ar na riachtanais a thagann chun solais chun idirghabháil shaincheaptha aonair a sholáthar.

Cuirfidh FSS an Speisialtóir Luathbhlianta ar an eolas ar gach tacaíocht a soláthraíodh de bhun atreorú. Cuirfidh seo ar chumas na Speisialtóirí Luathbhlianta chun tacaíocht fheasach leanúnach a sholáthar don leanbh agus don suíomh, ina measc monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne Phlean Rochtana agus Cuimsithe Aonair an linbh.

## **B7. Leibhéal 7 – Caipitíocht Bhreise**

Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le thuismitheoir, iarratas a dhéanamh ar chaipitíocht sa chás go measann an soláthraí gur dóchúil go mbainfidh ríthábhacht le caipitíocht chun rannpháirtíocht an linbh i gclár COLÓ a chinntiú ina suíomh réamhscoile. Déantar seo tríd an gcuid ábhartha den fhoirm iarratais ar an PIP a chomhlánú, is é sin, an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe agus, laistigh den Phróifíl, an t-iarratas ar leibhéal 7.

I dtaobh riachtanais tosaigh incháilitheachta, déanfar breithniú ar iarratais atá incháilithe le haghaidh breithniú sna cásanna a leanas:

- Suíomh cláraithe réamhscoile atá sa soláthraí seirbhíse faoi chonradh chun clár COLÓ a sholáthar.
- Cáilítear an leanbh do chlár COLÓ nó cáileofar é/í don chlár ó dháta pleanáilte an chlárúcháin óna dteastaíonn an chaipitíocht bhreise ina thaobh.

Sa chás nach meastar go gcomhlíonann iarratas na riachtanais tosaigh incháilitheachta, féadfaidh soláthraí seirbhíse teagmháil a dhéanamh le seirbhísí cliant Pobal chun teacht ar bhreis cabhrach agus beidh an ceart acu chun athbhreithniú ar a gcás a lorg, chomh maith.

Sa chás go bhfuil iarratas iomlán agus incháilithe, déanfar é a chur faoi bhráid sheirbhís an Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) a thabharfaidh cuairt ar an soláthraí

seirbhíse agus ar an leanbh d'fhonn a shainaitheint cé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn tacaíocht leibhéal 7. Chun seo a dheimhniú, déanfaidh an Speisialtóir an méid a leanas:

- an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a chomhlánú mar bhealach chun measúnú soiléir agus oibiachtúil a sholáthar ar láidreachtaí, cumas agus riachtanais an linbh agus an tsuímh araon,
- a dheimhniú cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh breithniú ar gach leibhéal agus tacaíocht eile agus ar baineadh nó nár baineadh an úsáid chuif astu,
- a dheimhniú cé acu an eascródh nó nach n-eascródh cothrom neamh-inmhianaithe idir an fhoireann agus leanaí as caipitíocht bhreise a sholáthar, faoi mar a thugtar le fios in aon treoirlínte maidir le Seirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta Luathbhlianta<sup>16</sup>,
- ionchur saineolach eile a fháil ó leibhéal 6 agus CCCanna, faoi mar is gá.

Tar éis tabhairt faoin méid thuas go léir, cuirfidh an Speisialtóir tuairim ar fáil atá curtha ar an eolas ag fianaise maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil rannpháirtíocht an linbh i suíomh na réamhscoile ríthábhachtach i dtaobh shuíomh na réamhscoile. Bunófar an tuairim ar an rátaíl a fuarthas ón bpróifíl chomhlánaithe Rochtana agus Chuimsithe, atá ailínithe le breithiúnas saineolach a dhéanamh ar an Speisialtóir i gcomhar le haon comhairle shaineolach eile a lorgaíonn an Speisialtóir. Tá an próiseas seo comhsheasmhach le moladh an Ghrúpa Idir-Rannaigh a thugann chun solais, anuas ar léargais an tuismitheora agus an chleachtóra réamhscoile, déanann taithí in earnálacha eile “an tábhacht a léiriú a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh gairmithe nach bhfuil aithne ag an leanbh, an teaghlach nó an soláthraí orthu chun measúnú atá go hiomlán oibiachtúil agus trédhearcach a chinntiú. Léireofar an taithí seo, lena chois sin, i ndearadh an phróisis iarratais.”

Sa chás gurb í tuairim an Speisialtóir go mbaineann ríthábhacht le tacaíocht leibhéal 7 le rannpháirtíocht an linbh i suíomh na réamhscoile, déanfaidh an Speisialtóir breithniú breise ar mhéid na tacaíochta leibhéal 7 a theastaíonn agus aird ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na rudaí a leanas ag an leanbh i gcomhthéacs na timpeallachta:

- **Riachtanais chasta** óna dteastaíonn gur gá do shuíomh thart ar 10 n-uaire an chloig bhreise foirne sa tseachtain a chur lena soláthar foirne d'fhonn gur féidir leis an gComhordaitheoir nó príomhoibrí níos mó ama a chaitheamh ag oibriú go díreach leis an leanbh nó níos mó am neamhtheagmhála a bheith acu leis na gairmithe ábhartha sláinte agus cúraim shóisialta atá bainteach i gcás an linbh,

nó

**Riachtanais an-chasta** óna dteastaíonn gur do shuíomh thart ar 15 huairé an chloig bhreise foirne sa tseachtain a chur lena soláthar foirne, a laghdaíonn an cóimheas foirne-leanaí, dá bharr, d'fhad iomlán sheirbhís sheachtainiúil COLÓ agus a chinntíonn go bhfuil tacaíocht bhreise ar fáil go comhsheasmhach sa chás go bhfuil seo ríthábhachtach i ngeall ar, mar

---

<sup>16</sup> Maíodh go dtugann fianaise le fios nach ionann cóimheas foirne-leanaí atá ró-íseal, i.e. go bhfuil an iomad daoine fásta sa seomra, agus dea-chleachtas agus ní thacaíonn sé le seirbhís ardchaighdeán a sholáthar. Dá réir sin, cuirfidh an tseirbhís Tús Níos Fearr in Pobal a treoir inmheánach féin i dtoll a chéile ar an tsaincheist seo. Cabhróidh seo lena chur in iúl cé acu an mbeadh nó nach mbeadh cúnaimh breise tairbhíúil nó an bhféadfadh an iomad daoine fásta bheith sa suíomh eascairt as. D'fhéadfadh seo a bheith an-ábhartha i gcásanna ina bhfuil roinnt leanaí ag soláthraí seirbhíse atá faoi mhíchumas casta agus go ndearna sé/sí breis agus iarratas amháin ar thacaíocht leibhéal 7.

shampla, monatóireacht a dhéanamh ar riocht sláinte nó an gá atá le tacaíocht dhian duine ar dhuine.

Faoi go leor cúinsí, féadfaidh Oifigeach Breithmheasa iarratas a fháil a n-áirítear leis cheana féin ionchur agus tuairim shaineolach an Speisialtóra (Rochtain agus Cuimsiú). D'fhéadfadh seo teacht chun cinn sa chás go raibh Speisialtóir ag oibriú cheana féin leis an soláthraí seirbhíse agus leis an tuismitheoir faoi leibhéal 4. Sa chás seo, dhéanadh an tOifigeach Breithmheasa athbhreithniú ar an iarratas lena dheimhniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé iomlán agus go gcomhlíonann sé na riachtanais tosaigh le bheith incháilithe le haghaidh breithniú.

A luaithe a bhíonn iarratas iomlán agus incháilithe, an fhoirm chomhlánaithe san áireamh ón Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú), cuirfidh an tOifigeach Breithmheasa an t-iarratas faoi bhráid an Oifigigh Bhreithiúnachta, a bheidh ina riarthóir deisce laistigh de Pobal, go ndéanfar cinneadh deiridh air.

Bainfidh an tOifigeach Breithiúnachta cinneadh amach ar an mbonn a leagtar amach thíos.

Faomhfar iarratas, faoi réir cistiú, sna cásanna a leanas:

- (i) deimhníonn Oifigeach Breithmheasa go bhfuil iarratas iomlán agus go gcomhlíonann sé na riachtanais tosaigh incháilitheachta, agus
- (ii) deimhníonn Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) gurb é a t(h)uairim go mbaineann ríthábhacht le tacaíocht leibhéal 7 le rannpháirtíocht an linbh sa réamhscoil a chumasú, agus
- (iii) tá an tOifigeach Breithiúnachta sásta nach dteastaíonn aon fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas.

Diúltófar iarratas sna cásanna a leanas:

- (i) deimhníonn Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) gurb é a t(h)uairim nach mbaineann ríthábhacht le tacaíocht leibhéal 7 le rannpháirtíocht an linbh sa réamhscoil a chumasú, agus/nó nach ndearnadh breithniú leordhóthanach ar thacaíochtaí eile agus nár baineadh úsáid leordhóthanach astu, agus
- (ii) tá an tOifigeach Breithiúnachta sásta nach dteastaíonn aon fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas.

Sula mbaintear cinneadh amach, féadfaidh an tOifigeach Breithiúnachta dul i gcomhairle leis an Oifigeach Breithmheasa nó leis an Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) chun breis faisnéise a lorg. Sa chás gurb ann do bhreis faisnéis is cúis le conclúid Oifigeach Breithmheasa nó Speisialtóra Rochtana agus Cuimsithe a gconclúid a mhionathrú, ba cheart go gcuirfeadh an tOifigeach Breithiúnachta an chonclúid nua seo san áireamh, ar an ábhar sin, agus cinneadh a bhaint amach i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach thuas.

Nuair a dhéantar cinneadh chun iarratas leibhéal 7 a dheonú, déanfaidh an tOifigeach Breithiúnachta cinneadh, chomh maith, ar ráta chaipitíocht leibhéal 7, agus aird ar thuairim an Speisialtóra maidir le cibé acu an bhfuil na riachtanais casta nó an-chasta (féach thuas). Sa chás go gcinntear go bhfuil na riachtanais casta, ní sháróidh an ráta caipitíochta breise atá

iníoctha €130 an leanbh sa tseachtain. Sa chás go gcinntear go bhfuil na riachtanais an-chasta, ní sháróidh an ráta caipitíochta breise atá iníoctha €195 an leanbh sa tseachtain.

Sa chás go ndéantar chun an t-iarratas a fhaomhadh, cuirfidh Pobal an soláthraí seirbhíse agus an tuismitheoir ar an eolas ar an bhfaomhadh ar an mbonn ar a bhfuil an chaipitíocht bhreise á fhaomhadh, i.e. saghas na tacaíochta ar cheart a sholáthar de bhun na caipitíochta breise, socruithe maoirseachta etc, agus aon tuairimí a léiríonn an tuismitheoir nó an soláthraí seirbhíse á gcur san áireamh. Mar shampla, meastar, go ginearálta, go gcumasódh an chaipitíocht bhreise laghdú a dhéanamh ar an gcóimheas foirne- leanaí d'fhonn go bhféadfadh an Comhordaitheoir Cuimsithe, bainisteoir na réamhscoile nó comhalta taithíoch eile foirne breis ama agus airde a chur ar leataobh don leanbh atá i gceist. I gcomhthráth, cuirfidh an tOifigeach Breithiúnachta an cinneadh chun an t-iarratas a fhaomhadh faoi bhráid an Bhainisteora Airgeadais laistigh de Pobal.

Beidh an fhreagracht ar an mBainisteoir Airgeadais as buiséad imfhálaithe bliantúil le haghaidh leibhéal 7 agus socróidh sé/sí go n-íocfar an chaipitíocht bhreise<sup>17</sup> in ord dian croineolaíoch, i.e. a luaithe a fhaightear iarratas faofa, a dhéantar an t-iarratas a stampáil i dtaobh ama agus dáta de agus go gcuirtear é in ord dian croineolaíoch ar mhaithe le cuspóirí íocaíochta. Léiríonn an cur chuige seo an chaoi go mbeidh measúnú déanta ar gach iarratas ar an mbonn céanna caighdeánaithe agus go measfar go raibh siad ríthábhachtach maidir le rannpháirtíocht. Dá réir sin, ba é an t-aon rogha dhaingean eile ar ord croineolaíoch ná tús áite a thabhairt d'iarratais bunaithe ar mheasúnú breise speisialaithe a dhéanamh ar gach cás aonair.

Sa chás go mbaintear caidhp an bhuiséid amach, beidh iarratais beo go fóill agus, de réir mar a chuirtear cistiú ar fáil, leanfaidh na hiarratais a bheith faofa le haghaidh cistiú ar bhonn ord dian croineolaíoch, ag glacadh leis go bhfuil an riachtanas i dtaobh thacaíochta leibhéal 7 bailí i gcónaí, e.g. tá an leanbh fós sa suíomh ábhartha réamhscoile.

Ag tús gach bliain airgeadais, déanfaidh Pobal próifiliú ar chaiteachas measta de réir míosa faoi leibhéal 7 agus déanfaidh sé monatóireacht, ansin, ar an táirgeacht iarbhrí i gcoinne an mheastacháin seo. Cé go mbeidh seo deacair i gcéim thosaigh na samhla, le himeacht ama, tiocfaidh treochtaí míosúla caiteachais chun solais a thacóidh le próifiliú agus le bainistíocht níos cruinne a dhéanamh ar chaiteachas.

Sa chás go ndéantar an cinneadh gan iarratas a fhaomhadh, cuirfear an soláthraí seirbhíse ar an eolas ar an gceart atá aige/aici chun aiseolas ó bhéal a lorg sa chéad ásc agus, mura bhfuil sé/sí sásta ag an aiseolas seo, cuirfear in iúl dó/di gur féidir leis/léi athbhreithniú a lorg. Chomh maith leis sin, i dtéarmaí praiticiúla, is dóchúil go ngabhfadh tiomantas chun tacaíochtaí eile a chur ar fáil, ar nós meantóireachta faoi leibhéal 4 nó rochtana ar idirghabháil theiripeach faoi leibhéal 6, le cineadh gan iarratas a fhaomhadh.

### **Dáta Íocaíochta Caipitíochta Breise**

Nuair a fhaomhtar iarratas ar chaipitíocht bhreise, íocfar seo ó dháta an chláirúcháin nó ón dáta a fhaomhtar an t-iarratas, pé dáta is déanaí. Ní cheadófar íocaíochtaí a shiardhátú.

---

<sup>17</sup> Déanfar an íocaíocht a ghníomhachtú ar an PIP agus cuirfear i bhfeidhm í ar chláirú linbh a ainmnítear.

### **Caipitíocht Bhreise a Íoc ar Bhonn Pro-Rata**

Nuair a riartar scéim caipitíochta breise leibhéal 7, tá dualgas ar Pobal chun luach ar airgead a chinntiú i gcistí poiblí a íoc amach agus lena chinntiú gur féidir leis an líon uasta leanáí tairbhe a bhaint as cistiú atá ar fáil. Dá réir sin, féadfaidh Oifigeach Breithiúnachta caipitíocht bhreise leibhéal 7 a dheonú ar bhonn pro-rata sa chás gurb ann d'údar soiléir chun amhlaidh a dhéanamh. D'fhéadfadh seo teacht aníos nuair nach bhfuil ar chumas linbh freastal ar an tseirbhís ar bhonn lánaimseartha nó nuair atá tacaíochtaí eile ar fáil ar bhonn páirtaimseartha.

### **Athbhreithniú ar Chinneadh ina ndéantar an cinneadh chun iarratas a dhiúltú.**

Beidh an ceart ag an Soláthraí Seirbhíse, i gcomhar leis an tuismitheoir, chun athbhreithniú a lorg.

Is éagsúil a bheidh ballraíocht na Foirne Athbhreithnithe ó bhallaíocht na nOifigeach Breithmheasa agus na nOifigeach

Breithiúnachta a raibh orthu an chinnteoireacht tosaigh a dhéanamh maidir leis an iarratas ar thacaíochtaí.

Déanfaidh Pobal doiciméadú mionsonraithe ar an bpróiseas athbhreithnithe seo. Is éard a bhainfidh leis ná athbhreithniú deisce a dhéanamh ar pháipéarachas an iarratais, an próiseas a leanadh agus an t-iarratas á bhainistiú óna fháil go dtí go ndéantar an cinneadh deiridh air, agus an cinneadh a baineadh amach. Ní bheidh measúnuithe nua ná cuairteanna a shocrú ag speisialtóirí, gairmithe cúram sláinte nó aon oifigeach eile atá bainteach sa phróiseas iarratais i gceist leis. Is féidir aon fhaisnéis nua a sheolann an t-iarratas a chur san áireamh, más infheidhme, áfach.

Beidh cinneadh na Foirne Athbhreithnithe ina chinneadh críochnúil agus cuirfear an soláthraí seirbhíse agus an tuismitheoir ar an eolas ar an gcinneadh. Má thagann faisnéis bhreise nua chun solais i ndiaidh an chinnidh seo, is féidir iarratas nua a dhéanamh tríd an PIP.

## Cuid C – Cur i bhFeidhm agus Measúnú

Tabharfar an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe isteach ó Mheitheamh 2016 lena ligean do thuismitheoirí agus do sholáthraithe chun pleanáil a dhéanamh do chlárúcháin Mheán Fómhair 2016 agus lena chur ar chumas tacaíochtaí agus seirbhísí AIM a bheith cistithe ó Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh. Beidh iarratais ar oscailt i gcónaí i gcaitheamh na bliana, ach i gcás leanaí atá faoi mhíchumas níos casta, áfach, spreagtar soláthraithe seirbhíse agus thuismitheoirí chun iarratas a dhéanamh go luath.

Tionscnamh an-chomhoibritheach, tras-Rialtais atá sa tsamhail, agus déantar cur i bhfeidhm na samhla a roinnt i measc roinnt comhlachtaí éagsúla. Cinnteoidh gach comhlacht go soláthraítear seirbhísí ar aon dul lena socrúithe féin dearbhaithe cáilíochta, monatóireachta agus comhlíonta. Mar an bpríomhriarthóir le haghaidh thacaíochtaí leibhéal 5 agus 7, bainisteoidh Pobal bronnadh deontas i dtreo mionathruithe agus caipitíocht bhreise i gcomhréir lena nósanna imeachta reatha maidir le monatóireacht, tuairisciú agus comhlíonadh.

Déanfaidh Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasearnála ina bhfuil ionadaithe ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Sláinte, Pobal, FSS, Túsla, Coistí Cúram Leanaí Éireann, an tSeirbhís Náisiúnta Forbartha Cáilíochta Luathbhlianta (Tús Níos Fearr), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus ionadaí thuismitheora, maoirseacht ar chur i bhfeidhm AIM.

Beidh an tsamhail faoi réir athbhreithniú rialta ina mblianta tosaigh, agus tabharfar faoi mheasúnú iomlán foirmiúil i ndiaidh 3 bliana.

## Aguisín A

### **Mionathruithe atá Incháilithe do Chistiú**

Mionoibreacha a bhaineann le Rochtain Isteach/Amach ó shuíomh na réamhscoile
Mionoibreacha a bhaineann le rochtain chuig agus ó limistéir shúgartha
Mionoibreacha a bhaineann le hathchumrú limistéir leithris/friothála
Mionoibreacha a bhaineann le hathchumrú sheomra COLÓ chun éascaíocht rochtana agus spás ciúin a éascú
Mionoibreacha eile a shonraíonn an tIarratasóir



## Aguisín B

### Trealamh agus Fearais atá Incháilithe do Chistiú

<b>Catagóirí</b>	<b>Cur Síos</b>
Rampa iniompartha	Rampaí iniompartha nó sealadacha de shaghas tairsí
Cathaoireacha speisialaithe	Cathaoireacha inchoigeartaithe ag a bhfuil oiriúintí, i.e. tacaí coise, tacaí uillinne, tacaí droma, suíocháin choirre, cúisíní peilbheacha. Binsí inchoigeartaithe, chomh maith.
Tábla Friothála/binse altranais	Tábla friothála nó binse altranais le hairde inchoigeartaithe
Crocháin agus guailleáin	Crocháin agus guailleáin shoghluaiste chun leanaí a aistriú
Tacaí suite	Cathaoireacha cúinne, dingeacha, rollaí, cúisíní Gluaiseachta agus Suite
Tacaí leithris	Tacaí leithris, ar nós an mhéid a leanas; suíocháin oiriúnaithe leithris, cúisíní taca leithris, tacaí uillinne agus coise inchoigeartaithe, laghdaitheoirí fáinne cró, suíochán os cionn an leithris, pota beag agus cathaoir leithris aonair ar a bhfuil tacaí uillinne agus coise
Earraí a bhaineann le teiripe	Mataí teiripe Earraí chun cothromaíocht nó comhordú a fhorbairt (liathróidí teiripe / pis talún, etc) Earraí ilchéadfacha
Earraí oiliúna coisíochta, áiseanna seasaimh agus frámaí seasaimh	Earraí oiliúna coisíochta atá deartha chun cothromaíocht a fhorbairt agus cabhrú le leanaí chun foghlaim conas siúl gan chabhair.  Tacaíonn áiseanna seasaimh agus frámaí seasaimh le leanaí atá thíos le saincheisteanna suntasacha luaineachta chun seasamh ar feadh

	tréimhsí i gcaitheamh an lae.
Teicneolaíocht agus Trealamh Cúnta do leanaí atá bodhar/ar a bhfuil lagú éisteachta nó atá dall/ar a bhfuil lagú amhairc	Trealamh do dhaltaí ar a ndearnadh measúnú amhail lagú amhairc nó éisteachta bheith orthu óna dteastaíonn trealamh speisialaithe d'fhonn rochtain a fháil ar churaclam COLÓ.
Earraí dúblacha	Go ginearálta, ní bheidh earraí a theastaíonn ó leanbh lasmuigh de shuíomh COLÓ incháilithe faoin scéim seo. Sa chás go bhfuil píosa trealaimh ríthábhachtach maidir le rannpháirtíocht linbh i gclár COLÓ ach nach féidir é a iompar ón mbaile, d'fhéadfadh earra dúblach a bheith incháilithe.
Ábhar súgartha agus foghlama	Cé go mbeidh súil leis go bhfuil réimse bréagán agus ábhar foghlama i suíomh COLÓ atá oiriúnach do gach leanbh, leanaí ina measc nach bhfuil an fhorbairt chéanna déanta acu i roinnt limistéir forbartha atá déanta ag a bpiaraí, d'fhéadfadh bréagáin oiriúnaithe agus ábhar foghlama a bhaineann le teiripe a bheith incháilithe faoin scéim seo.
Eile	Ba cheart iarratas a dhéanamh ar threalamh nach bhfuil liostaithe faoi na catagóirí thuas faoin gcatagóir seo. Déanfar breithniú ar bhonn cás ar chás ar threalamh a ndéantar iarratas air faoi "Eile". Bainfear cinntí cistithe amach bunaithe ar an ábhar tacaíochta a sholáthraítear.